# Creat Rialachais

# 2023



An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

## Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Comhréamhrá ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach | Leathanach 3 |
| Eolas Ginearálta faoi Chreat Rialachais na SCP | Leathanach 4 |
| Prionsabail Rialachais na SCP | Leathanach 7 |
| Achoimre ar Chreat Rialachais na SCP | Leathanach 10 |
| Achoimre ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | Leathanach 12 |
| Bord na SCP, Róil Ardbhainistíochta agus Freagrachtaí a Thabhairt Amach | Leathanach 19 |
| Bord Bainistíochta na SCP agus Struchtúir Rialachais Eile | Leathanach 26 |
| Socruithe Iniúchta, Dearbhaithe agus Comhlíonta | Leathanach 32 |


Leagan nuashonraithe faofa ag Bord Bainistíochta na SCP ar an 3 Bealtaine 2023 (ullmhaithe ag Catherine Dobbins, Ceannasaí na Seirbhísí Corparáideacha)

## Comhréamhrá ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach

Is í an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP) an comhlacht poiblí atá freagrach as seirbhísí earcaíochta agus roghnaithe a chur ar fáil do státseirbhís agus do sheirbhís phoiblí na hÉireann. Tá ról tábhachtach ag an tSCP maidir leis an státseirbhís agus an tseirbhís phoiblí a mhúnlú don todhchaí mar gheall ar a dualgais earcaíochta agus acmhainneachta, agus, sa Chreat Rialachais, leagtar amach na nósanna imeachta agus na cleachtais atá i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloíonn an tSCP leis na caighdeáin státseirbhíse is airde chun a mandáid reachtúil a chomhlíonadh i gcónaí.

Tá na príomhluachanna státseirbhíse seo a leanas ag croílár ár n-oibre: macántacht, ionracas, neamhchlaontacht, comhionannas agus cothromaíocht. Bhí an tSCP in ann dea-cháil a chothú de bharr na luachanna seo, agus de bharr cultúir ina bhfuil cuntasacht agus meas chun tosaigh, agus tá an dea-cháil seo á forbairt ag an tSCP trí theagmháil leanúnach lenár gCliaint agus lenár gcustaiméirí. Más mian leis an tSCP a cumas spriocanna straitéiseacha a bhaint amach agus a bheith solúbtha i ndomhan a bhíonn ag síorathrú, tá an tiomantas seo do luachanna, mar aon leis na hiarrachtaí a dhéanaimid chun a chinntiú go bhfuil ár gcórais bhainistíochta agus ár bpróisis oibre iontaofa, éifeachtach agus ábhartha, fíorthábhachtach.

Mar Chathaoirleach agus mar Phríomhfheidhmeannach, aithnímid go bhfuil dea-cháil na SCP ag brath ar dhea-rialachas corparáideach – rud atá lárnach d'fhorbairt agus do rath leanúnach na heagraíochta, dar linn.   Maidir leis seo, leagtar an creat ginearálta as a mbaineann an tSCP leas chun machnamh a dhéanamh ar, chun athbhreithniú a dhéanamh ar agus chun feabhas a chur ar a socruithe rialachais féin ar bhealach soiléir agus sothuigthe sa *Chaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís, 2015*.

Tá sé mar aidhm ag *Creat Rialachais na SCP* a chinntiú go bhfuil gach gné den rialachas i bhfeidhm sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, mar Eagraiocht, agus go go ndéanann sí athbhreithniú ar a nósanna imeachta rialachais.  Tá sé mar aidhm ag an gCreat Rialachais an chaoi a rialaímid an eagraíocht agus an chaoi a dtugtar freagrachtaí tábhachtacha amach sa tSCP, a mhíniú dár bpáirtithe leasmhara agus don phobal ginearálta ar bhealach soiléir.

I gcomhar leis an gCreat Comhlíonta tacaíochta, creidimid go mbeidh ról tábhachtach ag Creat Rialachais na SCP maidir le forbairt leanúnach na heagraíochta agus go dtugann sé dearbhú go bhfuil dea-chleachtas rialachais mar bhonn faoi dhea-cháil na heagraíochta.

Tom Moran
Cathaoirleach Bhord na SCP

Margaret McCabe
Príomhfheidhmeannach

# Eolas Ginearálta faoi Chreat Rialachais na SCP

## Cúlra

Sa cháipéis seo, leagtar amach an Creat Rialachais as a mbaintear leas chun obair na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí (SCP) a bhainistiú agus a sholáthar.

Tá Creat Rialachais na SCP bunaithe ar an *gCaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís*[1] donar thug an Rialtas faomhadh in 2015. Baineann an *Caighdeán* seo le gach Roinn agus Oifig Státseirbhíse. D'aontaigh Bord Bainistíochta na SCP gur chóir do gach comhlacht Státseirbhíse glacadh leis an g*Caighdeán* agus a socruithe rialachais a fhoilsiú mar Chreat Rialachais, a chloíonn le riachtanais agus leagan amach an *Chaighdeáin*. Is é seo an séú leasú a rinneadh ar Chreat Rialachais na SCP ó foilsíodh é den chéad uair i mí Aibreáin 2016.
Baineadh úsáid as an Réamhrá sa *Chaighdeán* chun na pointí seo a leanas faoin *gCaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís* a chur le chéile agus tá sé mar aidhm acu an comhthéacs ginearálta rialachais Státseirbhíse inar forbraíodh Creat Rialachais na SCP.

## 1. Dea-Rialachas

1.1. Tá dea-rialachas ag croílár oibríocht éifeachtach na Ranna agus na nOifigí Rialtais; tá sé fíorthábhachtach ionas gur féidir leo a ndualgais reachtúla agus bheartais a chomhlíonadh. Cinntíonn dea-rialachas go bhfuil creat struchtúr, polasaithe agus nósanna imeachta i bhfeidhm chun na dualgais seo a chomlíonadh agus éascaíonn sé measúnú oibiachtúil ar bhainistíocht agus ar fheidhmíocht chorparáideach.

1.2. Ba chóir don bhainistíocht shinsearach treoir shoiléir a thabhairt maidir le Creatlaí Rialachais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

## 2. Scóip an Chaighdeáin

2.1. Tá an Caighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís dírithe ar Ranna agus ar Oifigí Rialtais (.i. gach Roinn agus gach Oifig

[1] *Caighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís* (2015) de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. [2]Tá gach Roinn a shainmhítear san Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997, gach Oifig nó brainsí den tSeirbhís Phoiblí a leagtar amach i gCuid I nó i gCuid II de Sceideal an Achta agus comhlachtaí a bhfuil vóta acu faoi chúram na Ranna agus na nOifigí sin i gceist sa Státseirbhís.

Rialtais Lárnaigh[2], ar a dtabharfar *Ranna/Oifigí*[2] amach anseo). Leagann an *Caighdeán* na nithe seo a leanas amach:

- Achoimre ar phrionsabail dea-rialachais; agus Creat Rialachais solúbtha, lena n-áirítear forálacha as a mbainfear úsáid chun socruithe gach Roinne/Oifige a thaifeadadh.

## 3. Comhthéacs Chlár Athnuachana na Státseirbhíse

3.1. I gClár Athnuachana na Státseirbhíse[4] leagtar amach socruithe nua do rialachas agus do fhreagracht sa Státseirbhís. Bhí beart tábhachtach san áireamh sa Phlean Athnuachana chun socruithe rialachais a fheabhsú de réir dea-chleachtais idirnáisiúnta trí chaighdeán rialachais coitianta a chur i bhfeidhm. Bhí sé mar aidhm aige na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Ról an Bhoird Bhainistíochta [3] i Ranna/Oifigí a dhéanamh foirmeálta agus tacaíocht a thabhairt maidir le níos mó teagmhála idir airí agus an lucht bainistíochta i dtaca le hathbhreithniú a dhéanamh ar thosaíochtaí agus ar fheidhmíochta go rialta;
- caighdeán rialachais amháin a chur i bhfeidhm do gach Bord Bainistíochta, atá bunaithe ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta i réimse an rialachais chorparáidigh; agus
- Measúnú bliantúil a bhunú do gach Bord Bainistíochta ionas gur féidir leo soláthar agus feidhmíocht a mheas.

## 4. Ceangail le Treoir maidir le Rialachas atá ann cheana féin

4.1. Tá a lán treorach ar fáil cheana féin maidir le gnéithe éagsúla den rialachas corparáideach sa Státseirbhís, m.sh. i Lámhleabhar na nAirí Rialtais, sna Nósanna Imeachta Airgeadais Poibli (an leabhar gorm), sa Chód Caiteachais Phoiblí, i gCód Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse, agus sna moltaí ó Thuairisc an Ghrúpa Oibre maidir le Freagracht Rúnaithe Cúnta agus Oifigeach Cuntasaíochta (.i. 'Tuairisc Mullarkey').

4.2. Níl sé i gceist go gcuirfeadh aon rud sa Chaighdeán isteach ar róil, ar fhreagrachtaí, agus ar chuntasacht Airí, Rúnaithe Cúnta, Oifigeach Cuntasaíochta agus Ranna/Oifigí. Tá forálacha riaracháin agus reachtúla atá ann cheana féin agus a bhaineann le Roinn/hOifig maidir le ceisteanna atá clúdaithe sa *Chaighdeán* chomh maith, fós i bhfeidhm (m.sh. Ráitis Straitéise a fhorbairt, Buiséadú Feidhmíochta, srl.).

[2] Liostaítear an tSCP mar "Oifig" i gCuid II de Sceideal an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997.

[3] Baintear úsáid as roinnt téarmaí éagsúla, lena n-áirítear 'Bord Bainistíochta', 'Coiste Comhairleach Bainistíochta' (MAC) agus 'Bord Feidhmiúcháin' sa Státseirbhís chun cur síos a dhéanamh ar struchtúir ardbhainistíochta. Molann an *Caighdeán* gur chóir an téarma 'Bord Bainistíochta' a úsáid agus baintear úsáid as an téarma seo sa tSCP.

[4] Ar fáil ar http://www.per.gov.ie/en/civil-service-renewal/

4.3. Cé gur chóir do Chreatlaí Rialachais cloí leis na forálacha, an treoir agus na freagrachtaí srl. atá ann cheana féin, níor chóir iarracht a dhéanamh iad a chóipeáil.

## 5. Solúbhthacht laistigh den Chaighdeán seo

5.1. Aithníonn an Caighdeán nach n-oireann an cur chuige céanna do gach Roinn/Oifig, mar nach mbaineann Ranna/Oifigí úsáid as an struchtúr, na feidhmeanna agus na hionaid chéanna agus nach mar a chéile gach Roinn/Oifig ó thaobh méide de srl., agus, go gcaithfidh gach ceann acu, mar sin, cinntí praiticiúla a dhéanamh i gcomparáid leis an gCreat Rialachais lárnach ionas go léireofar a bhfreagrachaí agus a gcúinsí féin.

5.2. Ní mór go mbeadh cur chuige coitianta i bhfeidhm i Ranna/Oifigí maidir le roinnt ceisteanna rialachais lárnacha, áfach. Maidir leis seo, ní mór machnamh a dhéanamh ar an *gCaighdeán* ina iomláine chun dearcadh cuimsitheach a chinntiú.

5.3. I gcúinsí eisceachtúla, is féidir le Ranna/hOifigí socrú ar bhearta rialachais eile a chur i bhfeidhm. I gcásanna den chineál sin, ba chóir do Roinn/Oifig iarracht a dhéanamh an chaoi a gcloíonn a bearta rialachais le prionsabail an Chaighdeáin agus an chaoi a gcuireann siad le dea-rialachas a léiriú. Ba chóir na bearta seo a fhoilsiú.

## 6. Socruithe Rialachais a Fhoilsiú

6.1. Ba chóir do Ranna/Oifigí a socruithe rialachais a thaifeadadh agus a fhoilsiú de réir na bprionsabal a leagtar amach sa *Chaighdeán*. Ba chóir na socruithe rialachais seo a chur in iúl do gach ball foirne agus do pháirtithe leasmhara.

## 7. Creat Bunreachtúil agus Dlí

7.1. Ní mór bearta rialachais chorparáidigh a chur i bhfeidhm laistigh de chreat na bhforálacha bunreachtúla agus reachtúla, agus ní mór dóibh cloí le forálacha na nAchtanna Airí agus Rúnaithe 1924-2013, Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956-2005, an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997, agus Achtanna an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, 1866-1998.

7.2. Tá sé socraithe gur cáipéis bheo é an Caighdeán agus forbrófar bunaithe ar thaithí agus de réir mar a fhorbraíonn comhlachtaí Státseirbhíse a ndea-chleachtas maidir le rialachas.

## Príomhriachtanais an Chaighdeáin don tSCP

Is iad seo a leanas na príomhriachtanais atá i gceist don tSCP mar gheall go nglacanna sí leis an *gCaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís*:

1. Creat Rialachais na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a thaifeadadh agus a fhoilsiú,

2. Na príomhghnéithe a leagtar amach i gCaibidil 1-Caibidil 4 de Chreat Rialachais na Státseirbhíse a chur san áireamh i gCreat Rialachais na SCP[4], agus
3. Creat Comlíonta ar leith, ach ceangailte, a fhorbairt ina leagtar amach an chaoi a gcloíonn an tSCP le riachtanais chomhlíonta reachtúla, riaracháin agus eile.

[4] Tá an cúigiú Caibidil, "Comhlachtaí faoi Chúram na Roinne", ar fáil sa *Chaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís*. Ní bhaineann an cúigiú Caibdil seo leis an tSCP mar nach bhfuil aon chomhlachtaí faoi chúram na SCP.

## Prionsabail Rialachais na SCP

Déanann an Caighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís tagairt don '*Chreat Idirnáisiúnta: Good Dea-Rialachas san Earnáil Phoiblí*'[5]ina moltar roinnt prionsabal rialachais ardleibhéil ar chóir a bheith mar bhonn faoi shocruithe rialachais in eagraíochtaí státseirbhíse. Tá an tSCP tar éis glacadh le cúig phrionsabal uileghabhálacha a leagtar amach sa *Chaighdeán* agus a Creat Rialacháin féin á fhorbairt aici.

| | |
|---|---|
| 1 | Tugann dea-rialachas sa tSCP tacaíocht do chultúr agus d'éiteas ina gcinntítear go n-iompraímid muid féin le hionracas, go léirímid tiomantas láidir do luachanna eitice, agus go léirímd meas ar an dlí. |
| 2 | Cabhraíonn dea-rialachas sa tSCP leis an eagraíocht tosaíochtaí agus torthaí a shainmhíniú maidir le buntáistí eacnamaíocha agus sochaíocha inbhuanaithe agus chun polasaithe agus idirghabhálacha atá ag teastáil a shocrú chun na tosaíochtaí agus na torthaí seo a bhaint amach ar an mbealach is fearr. Is éard atá i gceist le dea-rialachas ná dea-chleachtas maidir le trédhearcacht, tuairisciú, cumarsáid, hiniúchadh agus scrúdú a chur i bhfeidhm chun cuntasacht éifeachtach a sholáthar. |
| 3 | Is éard atá i gceist le dea-rialachas sa tSCP ná ár gcumas eagraíochta a fhorbairt, lena n-áirítear cumas na mball foirne agus na foirne ceannaireachta. |
| 4 | Is éard atá i gceist le dea-rialachas sa tSCP ná rioscaí agus feidhmíocht a bhainistiú trí chórais rialaithe inmheánacha láidre agus trí chleachtais éifeachtacha bhainistíochta feidhmíochta. |
| 5 | Cinntíonn dea-rialachas sa tSCP oscailteacht, próisis comhairliúcháin phoiblí éifeachtacha agus teagmháil chuimisitheach le gach páirtí leasmhar. |

[5] *Creat Idirnáisiúnta: Dea-Rialachas san Earnáil Phoiblí* (IFAC, CIFPA 2014). https://www.ifac.org/publications-resources/international-framework-good-governance-public-sector

## Príomhfhreagrachtaí Dlí agus Riaracháin[6]

Leagann an tábla seo a leanas an timpeallacht dlí agus riaracháin ina n-oibríonn an tSCP amach, mar aon leis an gcomhthéacs áirithe do shocruithe rialachais na heagraíochta.

- Faoi chuid 34(2) den Acht a bhunaigh an tSCP (an tAcht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004), tá an tSCP "neamhspleách maidir lena feidhmeanna a chomhlionadh".
- Ceapann an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe ("an tAire") Bord na SCP agus Príomhfheidhmeannach na SCP.
- Ceapann an tAire baill foirne sa tSCP agus is státseirbhísigh iad na baill foirne seo.
- Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach don Aire.
- Tá an Príomhfheidhmeannach, mar Oifigeach Cuntasaíochta, freagrach, go pearsanta, as agus freagrach don Oireachtas maidir le rialtacht agus cuibheas chuntais na SCP, úsáid éifeachtach agus eacnamaíoch acmhainní na SCP, agus as sócmhainní atá i seilbh na SCP a rialú, de réir Achtanna an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, 1866-1998.
- Tá Príomhfheidhmeannach na SCP freagrach as an eagraíocht a bhainistiú agus as comhlíonadh le riachtanais chuí reachtúla agus eile a chinntiú, lena n-áirítear feidhmiú mar Cheannasaí na hOifige Sceidealaithe faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997.
- Ní mór don tSCP, mar chomhlacht atá ceadúnaithe ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) faoi chuid 43 den Acht, cloí leis na Cóid Chleachtais a eisíonn an CCSP faoi chuid 23(1) den Acht. Mar achoimre, de rér na gCód, ní mór go mbeadh ardchaighdeáin ionracais, fiúntais, chothromais, chothromaíochta, rúndachta agus dea-chleachtais mar bhonn faoi gach gníomhaiochtaí agus próisis earcaiochta cheadúnaithe.
- Tá feidhmeanna reachtúla Bhord na SCP níos comhairlí ná na feidhmeanna reachtúla a bhíonn ag Bord de chomhlacht Stáit de ghnáth, agus, go bunúsach, baineann siad le comhairle agus/nó treoir a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach (féach ar leathanach 23).

Cé go mbíonn ról tábhachtach ag reachtaíocht chuí maidir le socruithe rialachais sa tSCP, tá réimse leathan treorach údarásaí ann[7] a shainmhíníonn gnéithe de dhualgais rialachais d'eagraíochtaí Státseirbhíse, m.sh. an tSCP. Tá tuilleadh eolais faoi na riachtanais seo ar fáil i "gCreat Comhlíonta na SCP"[8].

[6] Is é an tAcht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004, an phríomhreachtaíocht a bhunaigh agus a rialaíonn an tSCP. Déantar tagairt don Acht seo tríd an gCreat Rialachais seo mar "an tAcht".

[7] A ndéantar tagairt dó ar Leathanach 2.

[8] Féach ar Chaibidil 4 chun sonrai faoi Chreat Comhlíonta na SCP a fháil.

## Ról bhaill foirne na SCP maidir le dea-rialachas

Is cuid fhíorthábhachtach de chultúr na SCP agus de chur i bhfeidhm pholasaithe agus chlechtais straitéiseacha agus oibríochta na heagraíochta é an dea-rialachas. Tá ról fíorthábhachtch ag fostaithe maidir lena bheith páirteach i ndea-rialachas na SCP agus madir leis an gCreat Rialachais seo a chur i bhfeidhm ina gcuid oibre ó lá go lá. Tá tuilleadh eolais faoin gcaoi a n-oibríonn an tSCP chun a chinntiú go dtarlaíonn sé sin ar fáil níos déanaí sa cháipéis seo.

Leagtar *Socruithe Iniúchta agus Dearbhaithe na SCP* amach i gcáipéis ar leith, agus ba chóir an cháipéis sin a léamh i gcomhar leis an gcáipéis seo.

# Achoimre ar Chreat Rialachais na SCP

Baintear úsáid as roinnt caibidlí, ina leagtar amach príomhghnéithe na socruithe rialachais sa tSCP, chun struchtúr a chur ar Chreat Rialachais na SCP. Leanann na ceithre chaibidil seo a leanas an struchtúr a mholtar sa *Chaighdeán Rialachais Chorparáidigh don*[9] *Státseirbhís*:

| | |
|---|---|
| 1 | Eolas faoin tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí |
| 2 | Bord na SCP, Róil Ardbhainistíochta agus Freagrachtaí a Thabhairt Amach |
| 3 | Bord Bainistíochta na SCP agus Struchtúir Rialachais eile |
| 4 | Socruithe Iniúchta, Dearbhaithe agus Comhlíonta sa tSCP |

Ag cloí le forbairtí rialachais sa Státseirbhís i gcoitinne, agus de réir mar a fhorbraítear socruithe agus riachtanais rialachais ar leith sa tSCP mar fhreagairt ar riachtanais páirtithe leasmhara agus forbairtí dlí nó riaracháin eile, athrófar agus forbraítear na ceithre réimse seo a leanas. Léirítear na hathruithe i leaganacha den Chreat Rialachais seo amach anseo.

## Seicliosta do phríomhábhair i gCreat Rialachais na SCP

Tá na hábhair seo a leanas san áireamh i gCreat Rialachais na SCP: -

- ✓ Achoimre ar mhisean na SCP agus ar ról Bhord na SCP;
- ✓ Sonraí faoi struchtúir ardbhainistíochta agus eagraíochta sa tSCP;
- ✓ Achoimre ar an bpróiseas pleanála gnó straitéiseach agus comhtháite;
- ✓ Sonraí faoi phróisis teagmhála le páirtithe leasmhara;
- ✓ Próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtach an Chreata Rialachais;
- ✓ Achoimre ar róil agus ar fhreagrachtaí an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Roinne;

[9] Tá an cúigiú Caibidil, "Comhlachtaí faoi Chúram na Roinne", ar fáil sa *Chaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís*. Ní bhaineann an cúigiú Caibdil seo leis an tSCP mar nach bhfuil aon chomhlachtaí faoi chúram na SCP.

- ✓ Achoimre ar róil agus ar fhreagrachtaí rialachais ardbhainistíochta, lena n-airítear iad siúd a bhaineann leis an bPríomhfheidhmeannach agus an Oifigeach Cuntasaíochta agus leis na hoifigigh sin a bhfuil ról ardbhainistíochta acu sa tSCP,

---

- ✓ Sonraí faoi chreat sannta na SCP faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997;
- ✓ Cuspóir, ról agus téarmaí tagartha na struchtúr agus na socruithe bainistíochta atá i bhfeidhm, lena n-áirítear an Bord Bainistíochta agus struchtúir ardbhainistíochta; Comhlíonadh, socruithe iniúchta agus dearbhaithe; agus
- ✓ Achoimre ar Chreat Comhlíonta na SCP ina ndéantar bainistíocht ar gach gníomhaíocht dearbhaithe comhlíonta sa tSCP.

## Tiomantas do chleachtas dea-rialachais

Mar aon leis na riachtanais thuas, tá sé mar aidhm ag an tSCP, cosúil leis an Státseirbhís i gcoitinne, a chinntiú go léirítear na nithe seo a leanas sa Chreat Rialachais:

- ✓ tiomantas láidir do cheannaireacht éifeachtach;
- ✓ tiomantas láidir do phríomhluachanna agus príomhiompair na Státseirbhíse;
- ✓ tiomantas láidir do chultúr ina bhfuil freagracht, éifeachtacht agus luach ar airgead chun cinn; agus
- ✓ nasc soiléir do Ráiteas Straitéise na SCP

# 1. Eolas faoin tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Príomhghnéithe den Chreat Rialachais

| 1 | *Ionracas, tiomantas láidir do luachanna eitice, agus meas ar an dlí.* |
|---|---|

**Príomhghnéithe** De réir an Chaighdeáin Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís, ní mór go léireofar na príomhghnéithe seo a leanas sa tSCP.

**Creat Rialachais:**

A Cuspóir na SCP;

B Príomhluachanna, iompar agus cultúr na SCP;

C An struchtúr eagraíochta;

D Pleanáil straitéiseach, cinntí a dhéanamh agus bainistíocht feidhmíochta;

E Socruithe cumarsáide inmheánacha;

F Teagmháil le páirtithe leasmhara seachtracha; agus

G Athbhreithniú ar éifeachtacht an Chreata Rialachais.

Mar aon leis seo, ba chóir don tSCP a chinntiú go léiríonn an Creat Rialachais príomhluachanna agus iompair na Státseirbhíse agus go gcloíonn sé le Ráiteas Straitéise na SCP.

## Príomhghné A: Cuspóir na SCP

Is é seo a leanas an Fhís don tSCP, de réir mar a leagtar amach sa Ráiteas Straitéise[10], is déanaí:

***Aitheantas a fháil mar ionad bairr feabhais i réimse na hearcaíochta, as a bhfuil muinín ag na daoine ar a bhfreastalaíonn muid.***

Tá cuspóir na SCP leagtha amach sa phríomhreachtaíocht faoinar bunaíodh an tSCP. Dar leis an Acht, is é príomhról na SCP "*feidhmiú mar chomhlacht lárnaithe earcaíochta, measúnaithe agus roghnaithe don Státseirbhís agus seirbhís den chineál céanna a chur ar fáil, nuair a iarrtar uirthi, do na húdaráis áitiúla agus*

[10] Ar fáil ar [13] Acht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004 – ar a dtabharfar "An tAcht" amach anseo.

*do na Boird Sláinte, don Gharda Síochána agus d'aon chomhlacht seirbhíse poiblí eile*" (cuid 34(1)(a) den Acht). Faoin Acht, is féidir leis an tSCP seirbhísí comhairle agus eile a bhaineann le cúrsaí earcaíochta a chur ar fáil don Státseirbhís, d'Údaráis Áitiúla, d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, don Earnáil Oideachais, don Gharda Síochána, do chomhlachtaí poiblí eile agus do ghníomhaireachtaí leathstáit neamhthráchtála, nuair a iarrtar a leithéid (cuid 34(1)(f) den Acht).

Déantar achoimre ar straitéis na SCP don tréimhse 2020 – 2023[14] i bFigiúr 1 thíos.

Figiúr 1: Mapa Straitéise na SCP 2020-2023




**Commented [AM1]:** Our strategy = Ár straitéis

Delivering = Ag Soláthar

Preparing = Ag Ullmhú

Influencing = Tionchar a Imirt

Delivering recruitment excellence = Barr feabhais san earcaíocht a sholáthar

Developing…culture = Ár ndaoine, ár n-eagraíocht agus ár gcultúr a fhorbairt

Trusted partner = Comhphairtí ar féidir brath air

## Príomhghné B: Príomhluachanna, Iompair agus Cultúr na SCP

Mar chomhlacht Státseirbhíse, glacann an tSCP agus a baill foirne le luachanna agus hiompair na Státseirbhíse i gcoitinne - neamhchlaontacht, ionracas, meas ar an dlí, tiomantas do sheirbhíse agus d'fheidhmíocht. Is iad seo na luachanna a leagtar amach i gCód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse [11] de réir mar a fhoilsíonn an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. . Athdhearbhaíodh na luachanna seo i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse mar seo a leanas:

- éiteas domhain seirbhíse poiblí ina bhfuil neamhspleáchas, ionracas, neamhchlaontacht, comhionannas, cothromaíocht agus meas;
- cultúr ina bhfuil freagracht, éifeachtacht agus luach ar airgead chun cinn; agus
- na caighdeáin is airde maidir le gairmiúlacht, ceannaireacht agus cruinneas.

[11] Ar fáil ar http://hr.per.gov.ie/files/2011/06/Civil-Service-Code-of-Standards-and-Behaviour.pdf

Leagtar amach luachanna ar leith a léiríonn na príomhluachanna státseirbhíse seo i Straitéis na SCP 2020-23. Is iad sin:




**Commented [AM2]:** Trust = Iontaoibh

Excellence = Barr Feabhais

Leadership = Ceannaireacht

Inclusion = Cuimsiú

Customer Focus = Béim ar Chustaiméirí

Innovation = Nuálaíocht

Mar aon leis an méid thuas, cuireann an tAcht dualgais reachtúla ar leith ar an tSCP maidir le caighdeáin agus luachanna:

- s.34(1)(b): caithfidh an tSCP cloí le caighdeáin ionracais, ceapacháin bunaithe ar fhiúntas, srl. agus ní mór don tSCP a bheith dírithe ar "leas an phobail" ina cuid oibre;
- s.34(1)(i): Ní mór don tSCP a bheith eolach ar dhea-chleachtas san earcaíocht agus i réimsí bainteacha; agus
- s.34(2): Ní mór don tSCP a bheith neamhspleách maidir lena feidhmeanna a chomhlíonadh.

Ina theannta sin, tá dualgais iompair sa bhreis ar an tSCP trí riachtanais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP), a fheidhmíonn mar rialálaí na hearcaíochta seirbhíse poiblí, a bunaíodh faoi Chuid 2 den Acht. Mar achoimre, ní mór don tSCP, mar chomhlacht atá ceadúnaithe ag an gCCSP, cloí le Cóid Chleachtais a eisíonn an rialálaí, faoi


---

s.23(1), a chuireann ardchaighdeáin ionracais, fiúntais, cothromais, cothromaíochta agus rúndachta i bhfeidhm mar bhonn faoi gach próiseas earcaíochta ceadúnaithe.

Tugtar eolas do gach ball foirne a thosaíonn sa tSCP faoi na caighdeáin iompair atá ag teastáil ó státseirbhísigh i gcoitinne agus faoi na caighdeáin ar leith atá i bhfeidhm maidir le hobair na SCP. Cuirtear seisiúin eolais ar siúl chun na príomhriachtanais maidir le luachanna agus le hiompair a chur i gcuimhne do bhaill foirne. Déantar an Creat Rialachais seo a fhógairt go forleathan san eagraíocht agus baintear úsáid as mar bhonn chun a chinntiú go bhfuil an cultúr cuí i bhfeidhm do gach ball foirne san eagraíocht agus go dtuigeann gach ball foirne an creat rialachais. Tabharfaidh an tSCP tacaíocht dá ball foirne maidir le tuiscint a fháil ar an ról atá ag gach duine acu i dtaca le cultúr rialachais stuama agus éifeachtach dona dtugann na príomhluachanna seirbhíse poiblí agus luachanna ar leith na SCP féin tacaíocht.

## Príomhghné C: Struchtúir na hEagraíochta

Léirítear struchtúr eagraíochta na SCP thíos.




Is é seo a leanas achoimre ar na feidhmeanna sa struchtúr eagraíochta ginearálta. Forbrófar na feidhmeanna seo mar fhreagairt ar thosaíochta agus éilimh na gcliant, a bhíonn ag síorathrú. Léireofar na hathruithe i leaganacha den Chreat Rialachais seo amach anseo.

**Earcaíocht:** Déanann Aonad na Seirbhísí Earcaíochta agus Roghnaithe (RSSU) príomhfheidhmeanna na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí. Tá foirne eacrcaíochta i gceist san RSSU, agus tá Bainisteoir Earcaíochta i gceannas ar gach foireann. Cé go bhfuil réimse earcaíochta ar leith ag gach foireann ina ndéanann siad speisialtóireacht, tá an struchtúr ginearálta solúbhta agus is féidir acmhainní a chur ar fáil i reimsí ina bhfuil éilimh mhóra orthu ag am áirithe. Tugann foirne imréitigh agus cheapcháin tacaíocht do na foirne earcaíochta. Déanann ceathrar Príomhoifigeach bainistíocht ar Sheirbhísí Earcaíochta.

**Seirbhísí Measúnaithe:** Is í príomhaidhm Aonad na Seirbhísí Measúnaithe (ASU) dearbhú a thabhairt go gcuireann próisis roghnaithe na SCP torthaí atá riachtanach a sholáthar agus go gcloíonn siad le dualgais na SCP, faoin dlí agus faoi Chóid Chleachtais reachtúla chuí. Fobraíonn agus soláthraíonn ASU próisis mheasúnaithe ar leith atá cuí, éifeachtach agus cothrom d'iarrthóirí. Tá an t-aonad freagrach chomh maith as na próisis sin a chur i bhfeidhm agus as maoirseacht leanúnach agus measúnú a dhéanamh orthu. Tá **Aonad na mBall Boird** ina chuid de na Seirbhísí Measúnaithe anois agus tá sé mar aidhm aige cur chuige gairmiúil agus caighdeánaithe a sholáthar maidir le ball de bhoird a bhainistiú agus maidir le hoiliúint a chur ar fáil dóibh.

**Cuardach d'Fheidhmeannaigh:** Tugann an tAonad Cuardaigh d'Fheidhmeannaigh tacaíocht d'obair na n-aonad earcaíochta, go príomha don Aonad Cuardaigh d'Fheidhmeannaigh agus d'Aonad na mBord Stáit. Tá sé mar aidhm ag an Aond seo grupaí iarrthóirí ionchasacha den scoth a bhfuil taithí acu a aimsiú do róil ar leith. De ghnáth, is róil ag leibhéal an Ard-Rúnaí, an Runaí Cúnta agus an Cheannasaí Feidhme a bhíonn i gceist. Ina theannta sin, déantar obair chuardaigh chomh maith do roinnt ról ar Bhoird na mBord Stáit, mar aon le poist ina bhfuil saineolas speisialtachta ar leith ag teastáil. De ghnáth tagann na hiarrthóirí ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideadch in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

**Boird Stáit:** Faoi na Rialacháin Rialtais chuí, [12], tá dualgais ar leith ar an tSCP maidir le folúntais a fhógairt agus maidir le hiarratais a mheas d'fhormhór na bpost folamh ar Bhoird na mBord Stáit. Tá dualgais ar fhoireann ar leith maidir le bainistíocht na bhfeidhmeanna seo.

**Seirbhísí Corparáideacha:** Cuireann feidhm na Seirbhísí Corparáideacha seirbhísí daoine agus cultúir, rialachais agus comhlíonta, cáilíochta, airgeadais agus soláthair ar fáil don eagraíocht agu tugann sí tacaíocht maidir le Creat Rialachais Chorparáidigh na SCP. Tá na haonaid tacaíochta seo a leanas i gceist:

Tá roinnt dualgas ar **Aonad na nDaoine agus an Chultúir** maidir le pleanáil don lucht saothair, hacmhainní a fháil, acmhainní a chur ar fáil agus folláine na mball foirne. Pléann sé chomh maith le hoiliúint agus forbairt na mball foirne agus le bainistíocht feidhmíochta. Tá an tAonad freagrach chomh maith as comhairliúcháin/idirbheartaíocht le ionadaithe na mball foirne, lena n-áirítear próiseas na comhpháirtíochta foirne sa tSCP.

Is í príomhaidhm an **Aonaid Airgeadais** bainistíocht airgeadais a chur ar fáil don Oifig, laistigh de threoirlínte cuntasaíochta an Rialtais agus de threoirlínte cuí eile a leagann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe amach. Tá ról tábhachtach ag feidhm an Airgeadais chomh maith maidir le tacaíocht a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach i dtaca le feidhmeanna an Oifigigh Cuntasaíochta a chomhlíonadh don tSCP (féach ar Chaibidil 2).

Is é ról an **Aonaid Rialachais agus Chomhlíonta** bainistíocht a dhéanamh ar na socruithe dearbhaithe agus bainistíochta riosca san eagraíocht agus tacaíocht a thabhaiet d'fhorbairt leanúnach an chleachtais rialachais agus chomhlíonta sa tSCP. Tá na dualgais seo a leanas san áireamh: tacaíocht a thabhairt don Bhord Bainistíochta agus don Choiste Iniúchta, Creatlaí Rialachais agus Comhlíonta na SCP a choinneál agus bainistíocht a dhéanamh ar na próisis athbhreithnithe agus achomhairc d'iarrthóirí. Is é ról an **Aonaid Cháilíochta** córas bainistíochta cáilíochta a chur i bhfeidhm sa tSCP.

Cuireann feidhm Chur i bhFeidhm an Athchóirithe agus na Straitéise Digití tacaíochtaí TF, tionscadail agus nuálaíochta ar fáil don eagraíocht. Tá na haonaid tacaíochta seo a leanas i gceist:

Tugann **Aonad na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide** (TFC) tacaíocht do ghnó agus straitéis chorparáideach na SCP trí réitigh TFC éifeachtacha, éifeachtúla agus shábháilte a fhreastalaíonn ar riachtanais na heagraíochta a chur i bhfeidhm agus a choinneáil.

[12] Treoirlínte maidir le Ceapacháin ar Bhoird Stáit 2014, ar fáil ar http://www.publicjobs.ie/publicjobs/publication/document/Guidelines_on_Appointments_to_State_Boards_Jan2015.pdf

Tugann **Oifig an Chláir Straitéisigh** tacaíocht do Bhord Bainistíochta na SCP trí chumas pleanála straitéisí a fhorbairt, trí bhainistíocht tionscadail a chur i bhfeidhm agus trí chultúr ina bhfuil an feabhsú agus an nuálaíocht chun tosaigh a chur i bhfeidhm sa tSCP. Tugann na tacaíochta seo cabhair don tSCP maidir le cur chuige ceannródaíoch i leith na hearcaíochta a chur i bhfeidhm agus tugann siad cabhair don tSCP chun a chinntiú go mbaintear caighdeáin seirbhíse ar ardchaighdeán amach dár gcliaint agus dár gcustaiméirí i gcónaí.

Cinntíonn aonad **na hAnailísíochta Sonraí** go mbailítear agus go dtuairiscítear ar eolas a úsáideann an fhoireann ardbhainistíochta agus a úsáistear in bhfoilseacháin sheachtracha.

**Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú:** Tá an t-aonad freagrach as ár Straitéis Éagsúlachta agus Chuimsithe nua a fhorbairt agus a sholáthar.

**Margaíocht agus Cumarsáid:** Tá an tAonad Margaíochta agus Cumarsáide freagrach as ár n-iarrachtaí margaíochta a bhfuil sé mar aidhm acu a chinntiú gurb í an tSCP an soláthraí earcaíochta agus acmhainní comhroinnte de rogha san earnáil phoiblí. Tá sé mar aidhm ag an aonad an sprioc seo a bhaint amach trí dheiseanna gairme sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí a chur chun cinn d'iarrthóirí ionchasacha trí fhógraíocht, chur chun cinn ag imeachtaí, na meáin shóisialta agus fhoilseacháin chuí sa tionscal agus eile. Ina theannta sin, cuireann an tAonad eagraíochtaí cliaint na SCP chun cinn trí aird a dhíriú ar róil ionchasacha agus ar dheiseanna trí na suíomhanna gréasáin poist phoiblí agus boird stáit

**Oibríochtaí:** Díríonn an fhoireann seo ar na próisis chúnta a thugann tacaíocht go ghnó na hearcaíochta, lena n-áirítear Bainistíocht an Chaidrimh le Cliaint agus Tacaíocht Ghnó. Tá sé mar aidhm ag an bhfoireann a chinntiú go reáchtailtear na seirbhísí atá fíorthábhachtach i réimse na hearcaíochta ar an mbealach is éifeachtaí ó thús deireadh. Tá an obair seo a leanas san áireamh: caidreamh le cliaint a bhainistiú; agus bainistíocht a dhéanamh ar sheirbhísí fáilteachais na SCP, a chuirtear ar fáil d'iarrthóirí agus do bhaill de bhoird roghnaithe.

## Príomhghné D Pleanáil Straitéiseach, Cinntí a Dhéanamh agus Bainistíocht Feidhmíochta

**Pleanáil straitéiseach:** De réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997, ní mór don tSCP Ráiteas Straitéise a ullmhú agus a chur ar aghaidh chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe laistigh de 6 mhí nuair a cheaptar Aire nua, agus ag deireadh thréimhse trí bliana ó ullmhaíodh an Ráiteas deireanach.

De réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997, beidh "príomhspriocanna, torthaí agus straitéisí bainteacha (lena n-áirítear acmhainní a úsáid)" na Roinne nó na hOifige i gceist i Ráiteas Straitéise. Go bunúsach, tá sé i gceist go bhfeidhmeoidh an Ráiteas Straitéise mar cháipéis réamhbhreathnaitheach, atá ina chreat gnímh don tSCP don tréimhse trí bliana atá amach romhainn.

Glacann an tSCP leis gur tionscadal straitéiseach atá i gcest le hullmhú an Ráitis Straitéise agus déantar dul chun cinn air faoi mhaoirseacht Bhord Bainistíochta na SCP. Ullmhaítear an Ráiteas Straitéise bunaithe ar chomhairliúchán fairsing, sa tSCP agus go seachtrach lena páirtithe leasmhara. Tá an Straitéis bunaithe ar anailís chúramach ar chúinsí comhshaoil cuí a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar fheidhmeanna na SCP, mar aon le torthaí na teagmhála fairsinge le cliaint, agus tá sé mar aidhm aici léargas a fháil ar

phleananna earcaíochtaí na n-eagraíochtaí cliaint agus ar na nithe a bhfuil siad ag súil leo sa tréimhse a chlúdaíonn an straitéis.

Nuair a thugann Bord Bainistíochta na SCP faomhadh don Ráiteas Straitéise, cuirtear ar aghaidh chuig Bord na SCP ionas gur féidir leo é a cheadú agus, ina dhiaidh sin, cuireann an Príomhfheidhmeannach an Ráiteas Straitéise ar aghaidh chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus chuig Tithe an Oireachtais.

**Pleanáil ghnó:** Ullmhaíonn an Bord Bainistíochta na SCP Plean Oibríochtaí Straitéiseacha, ina ndírítear ar fhorbairt oibríochtaí agus eagraíochta, ar bhonn bliantúil agus tugann Bord na SCP faomhadh dó. Tá an Plean seo mar bhonn faoin dul chun cinn a dhéanann an tSCP maidir leis na spriocanna straitéiseacha a leagtar amach sa Ráiteas Straitéise 3 bliana a bhaint amach, tríd an bhéim bhliantúil a leagtar ar oibríochtaí straitéiseacha tábhachtacha agus ar fhorbairt eagraíochta. Tá roinnt tionscadal i gceist sa Phlean, agus tugtar gach ceann acu do bhall den fhoireann bhainistíochta. Déanann an Bord Bainistíochta monatóireacht ar dhul chun cinn i gcomparáid leis an bPlean ar bhonn ráithiúil agus déantar é a thuairisciú do Bhord na SCP go rialta le linn na bliana.

Mar aon leis an bPlean Gnó Corparáideach, ullmhaíonn gach aonad gnó sa tSCP plean oibríochta don bhliain ina leagtar amach an gníomhaíochtaí atá beartaithe san aonad don bhliain.

**Cinntí a Dhéanamh agus Bainistíocht Feidhmíochta** Trí ghlacadh leis an gcur chuige comhtháite seo i leith na pleanála, tá an tSCP in ann nasc a dhéanamh idir spriocanna straitéiseacha agus spriocanna bliantúla agus obair gach baill foirne, de réir mar a leagtar amach sa phróiseas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta bliantúil. Ligeann sé seo d’fhostaithe tuiscint a fháil ar an gcaoi a gcuireann a gcuid oibre aonair le spriocanna a n-aonaid, le spriocanna a rannóige, agus, ar deireadh, le spriocanna corparáideacha na SCP.

## Príomhghné E: Cumarsáid Inmheánach

Chun tacú leis an gcur chuige comhtháite i leith na pleanála agus an tsoláthair seirbhíse, cuirtear seisiúin eolais ar siúl go rialta le baill foirne chun iad a chur ar an eolas faoi ábhar an Ráitis Straitéise agus an Phlean Oibríochtaí Straitéiseach agus chun tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn ar na spriocanna a leagtar amach iontu. Cuirtear seisiúin eolais eile ar siúl chun eolas a thabhairt do bhaill foirne faoi cheisteanna eagraíochta tábhachtacha eile, m.sh. ábhar Phlean Leanúnachais Ghnó na SCP. Cuirtear seisiúin feasachta níos giorra agus níos dírithe ar siúl do bhaill foirne le linn na bliana ar thopaicí níos ginearálta a bhaineann le spriocanna gnó na SCP, m.sh. nósanna soláthair phoiblí nó eolas faoi mhíchumas. Cuirtear na seisiúin seo ar súil anuas ar chainéil chumarsáide inmheánaí eile, m.sh. an próisis comhpháirtíochta do bhaill foirne, fógraí ar an inlíon do bhaill foirne, ríomhphoist chuig baill foirne ón bPOF, cruinnthe aonaid, srl.

## Príomhghné F: Teagmháil le Páirtithe Leasmhara Seachtracha

Tá tiomanta d’oscailteacht agus thrédhearcacht i ngach gné dá hobair. Tá clár IS i bhfeidhm sa tSCP chun aiseolas ó shuirbhéanna a bhailiú ó pháirtithe leasmhara tábhachtacha – eagraíochtaí cliaint sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí, iarrthóirí ar róil a fógraíodh agus baill de bhoird roghnaithe. Foilsítear torthaí na

suirbhéanna le páirtithe leasmhara i dTuarascáil Bhliantúil na SCP gach bliain. Forbraítear pleananna gnímh chun dul i ngleic le ceisteanna a ardaíonn páirtithe leasmhara sna suirbhéanna seo. Ina theannta sin, agus mar a luadh cheana, déanann an tSCP teagmháil rialta le páirtithe leasmhara maidir lena Ráiteas Straitéise 3 bliana a ullmhú. Mar chuid dá príomhghnó, tá nósanna imeacht cuimsitheacha maidir le Caidreamh le Custaiméirí a Bhainistiú i bhfeidhm san tSCP, a stiúrann ball den Bhord Bainistíochta, chun a chinntiú go dtuigeann an eagraíocht agus go déanann sí teagmháil lena heagraíochtaí cliaint maidir leis na riachtanais earcaíochta atá acu agus na riachtanais earcaíochta a bheith acu amach anseo.

### Príomhghné G: Athbhreithniú ar éifeachtacht an Chreata Rialachais

Tá an tSCP tiomanta do Chreat Rialachais stuama agus éifeachtach a fhorbairt agus a choinneáil. Chun an dualgas seo a chomhlíonadh, ní mór don tSCP nósanna a chur i bhfeidhm chun aon cheist rialachais a thagann chun cinn a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar fheidhmíocht na heagraíochta a aithint agus a láimhseáil. Déantar athbhreithniú ar an gCreat Rialachais reatha seo gach bliain. Leasófar an Creat de réir mar is cuí agus cuirfear ar aghaidh chuig Bord na SCP ionas gur féidir leo faomhadh a thabhairt dó, más gá. Ar bhonn leanúnach, déanfar Bord Bainistíochta na SCP plé ar cheisteanna a thagann chun cinn a d'fhéadfadh tionchr a bheith acu ar an gCreat Rialachais. Má aithnítear ceisteanna den chineál seo, déanfar leasuithe ar agus/nó cuirfear leis an gCreat Rialachais agus cuirfear ar aghaidh chuig Bord na SCP ionas gur féidir leis iad a fhaomhadh sula bhfoilsítear iad.

## 2. Bord na SCP, Róil Ardbhainistíochta agus Freagrachtaí a Thabhairt Amach

**Prionsabal Rialachais na SCP:**

**2**

*Cabhraíonn dea-rialachas leis an eagraíocht tosaíochtaí agus torthaí a shainmhíniú maidir le buntáistí eacnamaíocha agus sochaíocha inbhuanaithe agus chun polasaithe agus idirghabhálacha atá ag teastáil a shocrú chun na tosaíochtaí agus na torthaí seo a bhaint amach ar an mbealach is fearr. Is éard atá i gceist le dea-rialachas ná dea-chleachtas maidir le trédhearcacht, tuairisciú, cumarsáid, hiniúchadh agus scrúdú a chur i bhfeidhm chun cuntasacht éifeachtach a sholáthar.*

**Príomhghnéithe** De réir an Chaighdeáin Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís, ní mór go léireofar na príomhghnéithe seo a leanas sa tSCP.

**Creat Rialachais:**

A Achoimre ar an gcaidreamh leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;

B Achoimre ar ról rialachais Bhord na SCP; Struchtúr na heagraíochta;

C Achoimre ar róil rialachais ardbhainistíochta agus fhreagrachtaí, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an bPríomhfheidhmeannach agus leis an Oifigeach Cuntasaíochta, na hoifigigh shinsearacha sin a bhfuil ról

ardbhainistíochta acu sa Roinn, agus an ról do gach ball foirne; agus
Socruithe cumarsáide inmheánaí;

D An chaoi a dtugtar freagracht d'oifigigh na Roinne as feidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997.
Athbhreithniú ar éifeachtacht an Chreata Rialachais.

## Príomhghné A: An Caidreamh leis an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe

De réir Ailt 28.4.2 den Bhunreacht, beidh an Rialtas freagrach as Ranna Stáit a "riarann" Baill an Rialtais. Faoi Alt 28.12 den Bhunreacht, tá Airí "i gceannas ar" Ranna Stáit.

Is iad na hAchtanna Airí agus Rúnaithe, 1924-2013, agus an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997, na príomhfhorálacha reachtaíochta a rialaíonn cumhachtaí an Aire. Rialaíonn na hAchtanna seo struchtúir agus bainistíocht na Ranna agus na nOifigí Stáit.

Toisc nach Roinn Stáit í an tSCP, sainmhínítear a caidreamh leis an Aire go príomha faoi fhorálacha an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997 (de réir mar a leasaíodh) agus faoin mbunreachtaíocht faoinar bunaíodh an tSCP, An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Roghnú), 2004 ("An tAcht"). faoin Acht, is "oifig sceidealaithe" í an tSCP, de réir bhrí

An Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997 (de réir mar a leasaíodh) agus ainmnítear Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar an tAire atá freagrach as an tSCP (bhí an tAire Airgeadais i gceist ar dtús).

Toisc gur "oifig sceidealaithe" í an tSCP agus toisc go n-ainmnítear an Príomhfheidhmeannach, faoin Acht seo, mar Cheannasaí na hOifige Sceidealaithe, tá an fhoráil i gcuid 6 d'Acht na bliana 1997 i bhfeidhm maidir leis an tSCP: *Beidh Ceannasaí Oifige Sceidealaithe, de réir na dtreoracha a eisíonn an Rialtas ó am go ham, freagrach don Aire Rialtais atá i gceannas ar an Roinn nó ar an Oifig Sceidealaithe maidir le comhlíonadh na ndualgas nó na bhfeidhmeanna dona dtagraítear i gcuid 4* .

Tá freagrachtaí ar leith an Phríomhfheidhmmeanaigh maidir leis seo leagtha amach níos déanaí sa Chaibidil seo.

Déanann an tSCP Comhaontú Maoirseachta leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gach bliain.

## Príomhghné B: Ról Rialchais Bhord na SCP

Bunaítear Bord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí faoi chuid 36 den Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004. De réir na coda sin, ceapann an tAire, i gcomhairle le hAirí eile a shonraítear, baill ar an mBord. Faoin Acht, tá cathaoirleach, seachtar gnáthbhall agus an Príomhfheidhmeannach ar an mBord. De réir an Achta, ní mór go mbeadh taithí ag beirt bhall, ar a laghad, sa státseirbhís agus/nó sa tseirbhís phoiblí agus ní mór go mbeadh taithí AD agus/nó i réimse na seirbhíse do chustaiméirí lasmuigh den tseirbhís phoiblí ag beirt bhall, ar a laghad.

Is iad seo a leanas **feidhmeanna** an Bhoird faoi chuid 36:

(a) ionadaíocht a dhéanamh do leas na seirbhíse poiblí agus a chinntiú go bhfuil na caighdeáin chuí seirbhíse ar fad á mbaint amach;

(b) measúnú a dhéanamh ar agus faomhadh a thabhairt do phleananna agus do chuspóirí straitéiseacha a chuireann Príomhfheidhmeannach na Seirbhíse chun cinn;

(c) monatóireacht a dhéanamh ar agus comhairle a thabhairt don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí maidir le comhlíonadh a cuid feidhmeanna;

(d) a chinntiú go ndéanann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí nósanna athbhreithnithe cuí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i dtaca le comórtais earcaíochta agus ardaithe céime, agus aon chóid chelachtais chuí a eisíonn an Coimisiún;

(e) tuarascáil bhliantúil na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a fhoilsiú;

(f) Nuair is cuí, feidhm Aire lena mbaineann *cuid 58* nó a ndéantar tagairt do sa chuid sin a chur i bhfeidhm;

(g) treoracha atá riachtanach, dar leis, a thabhairt do Phríomhfheidhmeannach na Seirbhíse maidir le feidhmeanna na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Anuas air sin, tugtar feidhm sa bhreis do Bhord na Scp i gcuid 42(2):

> Socróidh an Bord gráid na mball foirne sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus líon na mball foirne i ngach grád, le cead an Aire.

Ó thaobh an rialachais de, tá sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir ról Bhord na SCP agus an ról a bhíonn ag formhór na mBord Stáit. Go ginearálta, bíonn an Bord, nó údarás rialachais eile de chuid Comhlachta Stáit, freagrach as rath an chomhlachta a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí an Chomhlachta a stiúradh agus a rialú. Ní mór don Bhord treoir straitéiseach a thabhairt don chomhlacht Stáit as a bhfuil sé freagrach agus monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar éifeachtacht a bhainistíochta. Bíonn an Bord freagrach as faomhadh a thabhirt do bhuiséid bhliantúla agus tuarascálacha agus cuntais bhliantúla a chur le chéile. Bíonn Boird freagrach as comhlíonadh le gach dualgais reachtúla a bhaineann leis an gcomhlacht Stáit, agus ní mór dóibh a dheimhniú don Aire cuí go bhfuil córas rialaithe airgeadais inmheánach i bhfeidhm sa Chomhlacht Stáit gach bliain. Tá sé mar phríomhfhreagracht ag Bord Comhlachta Stáit plean straitéiseach a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.

I gcás na SCP, tá an Príomhfheidhmeannach, mar Oifigeach Cuntasaíochta (féach thíos), freagrach ag leibhéal reachtúil as na Cuntais Leithreasa a ullmhú agus as comhlíonadh leis na nósanna imeachta airgeadais phoiblí cuí i dtaca leis an Vóta. Ar an mbealach céanna, tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as Ráiteas Straitéiseach a ullmhú agus a chur ar aghaidh chuig an Aire mar "Cheannasaí na hOifige Sceidealaithe" faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997. Mar sin, tá feidhmeanna reachtúla Bhord na SCP níos comhairlí ná na feidhmeanna a chomhlíonann Bord comhlachta Stáit agus baineann siad, go príomha, le comhairle agus/nó treoir a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach, rud a léiríonn an caidreamh freagrachta atá ag an bPríomhfheidhmeannach agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir mar a leagadh amach níos luaithe.

Tuairiscíonn an Bord Bainistíochta do Bhord na SCP (tríd an bPOF) ag gach cruinniú.

(Tugtar tuilleadh sonraí faoi ról agus feidhmiú Bhord Bainistíochta na SCP i gCaibidil 2 den Chreat Rialachais.) Faigheann Bord na SCP na cáipéisí seo a leanas roimh gach cruinniú:

- Tuairisc Oibríochta / Gníomhaíochta,
- Tuairisc Airgeadais,
- An t-eolas is déanaí faoi Rioscaí Corparáideacha,

- An t-eolas déanaí ón gCoiste Iniúchta Inmheánaigh (lena n-áirítear Miontuairiscí na gCruinnithe agus gach Tuairisc Iniúchta a phléann an Coiste Iniúchta), agus
- An t-eolas is déanaí faoi Phríomhcheisteanna Straitéiseacha a aithníonn Bord na SCP nó Bord Bainistíochta na SCP.

Ag pointí éagsúla le linn na mblianta (de réir mar a leagtar amach sa phlean oibre bliantúil a aontaíonn an Príomhfheidhmeannach agus an Bord), pléann an Bord na cáipéisí seo a leanas:

- Clár um Riosca Corparáideach
- Plean Gnó Oibríochta
- Buiséad Bliantúil
- Gníomhaíocht SF
- Tuarascáil Bhliantúil
- Plean Bliantúil an Choiste Iniúchta
- An t-eolas is déanaí maidir le Príomhtháscairí Feidhmíochta ón Ráiteas Straitéise
- Plean Oibre an Bhoird
- Athbhreithniú Bliantúil ar Éifeachtacht an Bhoird

## Príomhghné C:  Príomhfheidhmeannach agus Oifigeach Cuntasaíochta

Stiúrann Príomhfheidhmeannach an tSCP a cheapann an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (cuid 39(2) den Acht). De réir mar a leagtar amach thuas, is iad an Príomhfheidhmeannach Ceannasaí na heagraíochta agus tá siad freagrach don Aire. Tagann feidhmeanna an Phríomhfheidhmeannaigh as dhá fhoinse. Is í cuid 4 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997, ina leagtar amach na feidhmeanna seo a leanas do Cheannasí Oifige Sceidealaithe, **an chéad fhoinse**:

a) an Oifig Sceidealaithe a bhainistiú, polasaithe Rialtais a bhaineann leis an Oifig Sceidealaithe, monatóireacht a dhéanamh ar pholasaithe Rialtais a mbíonn tionchar acu ar an Oifig Sceidealaithe agus torthaí a sholáthar de réir mar a shocraíonn an tAire Rialtais atá i gceannas ar an Oifig Sceidealaithe;

b) ag na hamanna seo a leanas, nó níos luaithe má tá sé sin ag teastáil ón Aire Rialtais atá i gceannas ar an Oifig Sceidealaithe, ráiteas straitéise a ullmhú agus a chur ar aghaidh chuig an Aire Rialtais maidir leis an Oifig Sceidealaithe—

   i. laistigh de 6 mhí tar éis d'Acht na bliana 1997 teacht i bhfeidhm,

   ii. laistigh de 6 mhí ó cheaptar Aire Rialtais nua atá i gceannas ar an Oifig Sceidealaithe, agus

   iii. i ndiaidh thréimhse 3 bliana ó ullmhaíodh agus ó cuireadh an ráiteas deireanach isteach,

   agus tuairiscí maidir le dul chun cinn a thabhairt don Aire Rialtais maidir le cur i bhfeidhm an ráitéis straitéise gach bliain nó ag amanna a ordóidh an Rialtas ó am go ham;

c) achoimre ar an gcaoi a dtugtar na freagrachtaí a ndéantar cur síos orthu in ailt (d) go (h) amach chun a chinntiú go gcomhlíonann an t-oifigeach cuí, nó oifigeach i ngrád nó i gcéim chuí de chuid na hOifige Sceidealaithe na feidhmeanna dhéantar ar son an Aire Rialtais;

d) Comhairle a thabhairt don Aire Rialtais atá i gceannas ar an Oifig Sceidealaithe maidir le haon cheist i réimse freagrachta, a mbíonn tionchar aici ar fhreagrachtaí nó a bhaineann le freagrachtaí an Aire nó na hOifige Sceidealaithe a dtagann caiteachas ar gá íoc as ar an gcuntas leithreasa dá bharr;

e) a chinntiú go gcuirtear socruithe cuí i bhfeidhm a éascaíonn freagairt éifeachtach ar cheisteanna a bhaineann leis an Roinn nó an Oifig Sceidealaithe agus le brainsí eile den tseirbhís phoiblí;

f) a chinntiú go mbaintear úsáid as acmhainní na hOifige Sceidealaithe ar bhealach a chloíonn le hAcht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, chun na ceisteanna dona ndéantar tagairt in ailt (a) go (d) de chuid 19 (1) den Acht lena gcaithfidh an Roinn nó an Oifig Sceidealaithe dul i ngleic;

g) bearta a chuirfidh feabhas ar an gcaoi a soláthraíonn an Roinn nó an Oifig Sceidealaithe seirbhísí poiblí atá éifeachtach ó thaobh costas de;

h) De réir Acht Rialaithe na Státseirbhíse, 1956, Acht Choimisineirí na Státseirbhíse, 1956, na nAchtanna Cosanta, 1954-1993 (maidir le fostaithe sibhialta a earcaítear nó a cheaptar faoi na hAchtanna Cosanta, 1954-1993) agus aon Achta eile a mbíonn tionchar aige ar státseirbhísigh nó fostaithe sibhialta sa Roinn Cosanta a cheapadh, maidir le feidhmíocht, smacht nó dífhostú na bhfosaithe sin, gac cest a bhaineann le baill foirne faoi ghrád an Phríomhoifigigh nó faoi ghrád ar aon chéim les seo sa Roinn nó san Oifig Sceidealaithe a cheapadh, feidhmíocht, smacht agus dífhostú na bhfostaithe sin; agus

i) faoi chuid 9 (1)(f) d'Acht na bliana 1997, freagracht as na feidhmeanna as a bhfuil Ceannasaí na hOifige Sceidealithe freagrach a thabhairt amach d'oifigigh eile nó d'oifigigh i ngrád nó i ngráid áirithe san Oifig Sceidealaithe, lena n-áirítear na coinníollacha a bhaineann le freagrachtaí a thabhairt amach chun leanúnachas beartais san Oifig Sceidealaithe a chinntiú agus chun a chinntiú, nuair is cuí, go dtugtar freagracht as na feidhmeanna sin a chomhlíonadh d'oifigigh eile nó d'oifigigh i ngrád nó i ngráid ar leith san Oifig Sceidealaithe.

Is í cuid 40 den Acht an **dara foinse** feidhmeanna:

**40.—**(1) Déanfaidh Príomhfheidhmeannach na Seirbhíse na nithe seo a leanas—

(a) bainistíocht agus rialú a dhéanamh ar bhaill foirne, riarachán agus ghnó na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí go ginearálta, agus

(b) feidhmeanna eile a thugtar dóibh faoin Acht seo nó de réir mar shocraíonn an Bord a chomhlíonadh.

(2)Gan dochar do ghinearáltacht *fhochuid (1)*, déanfaidh Príomhfheidhmeannach na Seirbhíse na nithe seo a leanas—

(a) feidhmiú mar dhuine a bhfuil ceadúnas earcaíochta acu don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí,

(b) a bheith freagrach don Bhord maidir lena bhfeidhmeanna a chomhlíonadh agus maidir le polasaithe na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a chur i bhfeidhm,

(c) plean straitéise don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a cheapadh chun go scrúdóidh agus go molfaidh an Bord é sula gcuirtear chuig an Aire é,

(d) a bheith mar Oifigeach Cuntasaíochta do chuntais leithghabhála na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí de réir Achtanna Roinn an Státchiste agus an Iniúchta, 1866 agus 1921, agus Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 ,

(e) aon eolas a theastódh ón mBord maidir lena f(h)eidhmeanna a chomhlíonadh, a thabhairt don Bhord de réir mar a theastódh ón mbord ó am go ham,

(f) tuairisciú ó am go ham don Bhord agus comhairle a thabhairt don bhord faoi cheisteanna ábhartha ó am go ham,

(g) A f(h)eidhmeanna mar Cheannasaí na hOifige Sceidealaithe faoin Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí 1997 (de réir mar a leasaíodh i *gCuid 1* de*Scheideal 2*),

(h) dualgais eile de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a chomhlíonadh de réir mar a shocróidh an Bord,

(i) maidir le socruithe do chomórtais do na poist seo a leanas a eagraíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, dul i gcomhairle le hArd-Rúnaí na Roinne Stáit, de réir mar a leagtar amach:

(i) bainisteoir cathrach nó bainisteoir contae [13] — Ard-Rúnaí na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil,,

(ii) Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar bhord sláinte[14] — Ard-Rúnaí na Roinne Sláinte agus Leanaí, agus

(iii) Príomhoifigeach feidhmiúcháin ar choiste gairmoideachais [15] — Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

(3)Is féidir le ball foirne de chuid na Seirbhíse um Cheapachain Phoiblí, le cead ón bPríomhfheidhmmeanach, agus le cead an Bhoird, feidhmeanna an Phríomhfheidhmeannaigh a chomhlíonadh ó am go ham.

(4)Is féidir le ball foirne de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a ainmníonn an Bord don chuspóir seo feidhmeanna Phríomhfheidhmeannach na Seirbhíse a chomhlíonadh ó am go ham, nuair nach bhfuil an Príomhfheidhmeannach i láthair nó nuair atá folúntas ann do ról an Phríomhfheidhmeannaigh.

**Oifigeach Cuntasaíochta:** Faoi chuid 40(2)(d) den Acht, feidhmíonn an Príomhfheidhmeannach mar Oifigeach Cuntasaíochta d'airgead Státchiste, a mholann an tOireachtas don tSCP gach bliain. Déantar mionchur síos ar fhreagrachtaí na nOifigeach Cuntasaíochta sa cháipéis 'Ról agus Freagrachtaí na nOifigeach Cuntasaíochta – Meamram d'Oifigigh Chuntasaíochta
(2011) [16]Mar Oifigeach Cuntasaíochta, tá an Príomhfheidhmeannach freagrach go pearsanta as an airgead poiblí a thugtar don tSCP, maidir leis an úsáid a bhaintear as acmhainní agus maidir leis na sócmhainní atá aici a rialú.[17] Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach go pearsanta don Choiste Cuntas Poiblí an Oireachtais (PAC) maidir le rialtacht agus cuibheas gach idirbhirt airgeadais agus maidir le aon cheist a thagann chun cinn san iniúchadh neamhspleách bliantúil a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar chuntais na SCP. Tá ról reachtúil an Oifigigh Chuntasaíochta leagtha amach in Achtanna an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, 1866-1998, agus sna Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí.

[13] Tagraítear anois do Phríomhfheidhmeannaigh in Údaráis Áitiúla
[14] Tagraítear anois d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
[15] Tagraítear anois do Bhoird Oideachais agus Oiliúna
[16] http://govacc.per.gov.ie/accounting-officer-information/
[17] Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (2012).

### Cumas Ceannaireachta agus Eagraíochta

Treoraíonn agus déanann foireann bhainistíochta [18] na SCP bainistíocht ar chur i bhfeidhm na gcóras, na nósanna imeachta agus an iompair atá ag teastáil chun dea-rialachas corparáideach a chur chun cinn san eagraíocht agus a chinntíonn go n-oibríonn gach ball foirne le chéile mar fhoireann ardfheidhmíochta. Tá freagracht ar gach ball den fhoireann bhainistíochta ceannaireacht a thaispeáint, cur le bainistíocht na SCP i gcoitinne agus cuidiú lena gcomhghleacaithe maidir lena spriocanna a bhaint amach. Leagann ceannaireacht agus bainistíocht na SCP amach conas tabhairt faoi rialachas éifeachtach ón mbarr, léiríonn siad dea-iompar rialachais chomh maith le tiomantas chun spriocanna a bhaint amach trí phróisis chuntasacha.

Aithníonn an tSCP go bhfuil an bhainistíocht freagrach as ceannaireacht agus cumas eagraíochta a fhorbairt agus a choinneáil ar bhonn leanúnach. Dá bharr, tá tionscadail forbartha agus feabhsaithe cumais na heagraíochta ar fáil sa Phlean Gnó Corparáideach bliantúil.

Dearadh cur chuige na SCP i leith rialachais agus slándála TFC chun a chinntiú go bhforbraíonn sí a hinfreastruchtúr TFC chun tacú le spriocanna gnó agus go gcoinnítear ardleibhéal slándála maidir lena córais TFC agus maidir leis na sonraí leictreonach atá i seilbh na heagraíochtaí do chuspóirí gnó.

Tá eolas ag croílár ghnó na SCP. Agus sonraí pearsanta á mbailiú aici ó iarrthóirí, ó bhaill de bhoird roghnaithe, ó sholáthraithe agus ó bhaill foirne, tá an tSCP freagrach as úsáid a bhaint as an eolas seo ar bhealach éifeachtach, eiticiúil agus de réir riachtanas reachtúil agus cosaintí. Tá sé fíorthábhachtach go gcloíonn gach ball foirne leis na caighdeáin is airde maidir le heolas a rialú. Maidir leis seo, agus i gcomhthéacs na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988-2018 agus an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (a cuireadh i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2018), is í aidhm *Chód Cleachtais na SCP um Shonraí Pearsanta a Chosaint* a chinntiú go dtuigeann gach ball foirne sa tSCP coincheapa na Cosanta Sonraí agus go dtuigeann siad a ndualgais féin. Cabhróidh tuiscint den chineál seo leis an tSCP maidir le comhlíonadh le riachtanais na nAchtanna seo – déantar tuilleadh plé ar na riachtanais chomhlíonta seo i gCreat Comhlíonta na SCP.

### Freagrachtaí gach Baill Foirne

Mar a luadh níos luaithe, tugtar eolas do gach ball foirne a thosaíonn sa tSCP faoi na caighdeáin iompair atá ag teastáil ó státseirbhísigh i gcoitinne agus faoi na caighdeáin ar leith atá i bhfeidhm maidir le hobair na SCP. Cuirtear seisiúin eolais ar siúl chun na príomhriachtanais maidir le luachanna agus le hiompair a chur i gcuimhne do bhaill foirne. Déanfar an Creat Rialachais seo a fhógairt go forleathan san eagraíocht agus bainfear úsáid as mar bhonn chun a chinntiú go bhfuil an cultúr cuí i bhfeidhm do gach ball foirne san eagraíocht agus go dtuigeann gach ball foirne an córas rialachais agus a bhfreagrachtai maidir le cultúr ina bhfuil rialachas stuama agus éifeachtach chun tosaigh agus atá bunaithe ar luachanna seirbhíse poiblí a chur chun cinn. Ina theannta sin, cuirtear polasaithe, nósanna imeachta agus ciorcláin na SCP agus Fógraí Oifige i gcuimhne dóibh go rialta agus/nó tugtar eolas dóibh faoi na polasaithe, nósanna imeachta agus ciorcláin seo go rialta.

---

[18] Tagraíonn an téarma "foireann bhainistíochta" do gach ball foirne ag grád an Phríomhoifigigh Chúnta agus ag gráid ar aon chéim leis seo, mar aon le baill de Bhord Bainistíochta na SCP.

## Príomhghné D Róil agus Freagrachtaí Ardbhainistíochta a Thabhairt Amach

Faoi Chuid 4(1) agus Chuid 9(2) den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997, thug an Príomhfheidhmeannach freagrachtaí d'oifigigh at leibhéal an Phríomhoifigigh maidir le príomhghnéithe oibríocht na heagraíochta.

Chun cloí le gealltanais a rinneadh faoi Phlean Athnuachana na Státseirbhíse [19], tá na freagrachtaí seo leagtha amach ar shuíomh an Rialtais dar teideal "Cé A Dhéanann Céard" ar http://www.whodoeswhat.gov.ie/root/pas/.

[19] Gníomh 21 de Phlean Athnuachana na Státseirbhíse: Creat maidir le freagrachtaí a thabhairt a fhoilsiú do gach Roinn.

## 3. Bord Bainistíochta na SCP agus Struchtúir Rialachais eile

**Prionsabal Rialachais na SCP:**

| | |
|---|---|
| 3 | *Is éard atá i gceist le Dea-Rialachas ná cumas eagraíochta na SCP a fhorbairt, lena n-áirítear cumas na foirne ceannaireachta, na bainistíochta agus na mball foirne.* |

**Príomhghnéithe** De réir an Chaighdeáin Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís, ní mór go léireofar na príomhghnéithe seo a leanas sa tSCP.

**Creat Rialachais:**

A Cuspóir, ról agus téarmaí tagrtha Bhord bainistíochta na SCP; agus

B Achoimre ar na struchtúir bhainistíochta eile atá i bhfeidhm chun cabhair a thabairt maidir le rialachas san eagraíocht;

### Príomhghné A:

#### 1. Cuspóir an Bhoird Bhainistíochta

Tá sé mar aidhm ag an mBord Bainistíochta a chinntiú go gcomhlíontar straitéis na heagraíochta agus a chinntiú go bhfuil struchtúir éifeachtacha bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear struchtúir rialachais chorparáidigh, agus go n-oibríonn siad go héifeachtach. Tá an Bord Bainistíochta freagrach as eolas a thabhairt do Bhord na SCP faoi úsáid éifeachtach acmhainní uile na SCP agus, leis na hacmhainní a thugtar, a chinntiú go bhfuil an cumas ag an tSCP a dualgais reachtaíochta a chomhlíonadh.

#### 2. Ballraíocht ar an mBord Bainistíocht

Tá na baill seo a leanas ar an mBord Bainistíochta:

- Margaret McCabe, Príomhfheidhmeannach (Cathaoirleach)
- Eimear O'Connor (Ceannasaí na nOibríochtaí agus an tSoláthair Seirbhísí)
- Michelle Noone (Ceannasaí na hEarcaíochta Sinsearaí agus Feidhmeannaí)
- Sinéad Coleman (Ceannasaí Aimsithe Tallainne don tSeirbhís Phoiblí)
- Niall Leavy (Ceannasaí ar an Rannpháirtíocht sa Mhargadh)
- Aoife Lyons (Ceannasaí na Seirbhísí Measúnaithe)
- Sandra Cairns (Ceannasaí Aimsithe Tallainne don Státseirbhís)
- Catherine Dobbins (Ceannasaí na Seirbhísí Corparáideacha)
- Rosemarie O'Mahony (Ceannasaí an Athraithe Dhigitigh, na Straitéise agus na Nuálaíochta)
- Fiona Morgan (Ceannasaí Aonad na nDaoine agus an Chultúir)

Is féidir go mbeidh ar bhaill eile den tSCP freastal ar chruinniú den Bhord Bainistíochta nuair a thagann ceisteanna a bhaineann lena réimsí cúraim chun cinn.

### 3. Miniciocht na gcruinnithe

Go ginearálta, tagann an Bord Bainistíochta le chéile gach coicís. Lasmuigh den sceideal seo, is féidir go gcuirfear cruinnithe sa bhreis ar siúl de reir mar is gá nó de bharr cúinsí ar leith.

### 4. Córam

Is é 5 ball an Córam do chruinnithe den Bhord Bainistíochta agus níl cead ag baill ionadaithe a chur ar aghaidh chuig an gcruinniú ina n-áit. Is féidir nach mbeidh an córam i bhfeidhm i gcásanna éigeandála nó i gcásanna a bhaineann leis an leanúnachas gnó ina ndéanfaidh na baill den bhord bainistíochta atá i láthair ag an am cinntí (fad is atá triúr ball den bhord bainistíochta i láthair nó ag freastal ar an gcruinniú go leictreonach).

### 5. Caidreamh le Bord na SCP

Tuairiscíonn an Bord Bainistíochta do Bhord na SCP tríd an bPríomhfheidhmeannach. (Tugtar tuilleadh sonraí faoi ról agus feidhmiú Bhord Bainistíochta na SCP agus a chaidreamh rialachais leis an bPríomhfheidhmeannach i gCaibidil 2 den Chreat Rialachais.)

### 6. Ceisteanna a bpléann an Bord Bainistíochta leo

Tá an Bord Bainistíochta freagrach as na ceisteanna seo a leanas – ní liosta iomlán é seo:

(i) An Ráiteas Straitéise a aontú (sula dtugann Bord na SCP faomhadh dó),

(ii) Plean Gnó Straitéiseach a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean.

(iii) Pleananna gnó oibríochta a aontú agus monatóireacht a dhéanamh orthu,

(iv) Athbhreithniú gníomhach a dhéanamh ar an gClár Riosca Corparáideach agus dearbhú a thabhairt do Bhord na SCP maidir le rioscaí a bhainistiú,

(v) Cinntí maidir le dúshláin mhóra straitéiseacha atá roimh an tSCP agus straitéisí a bhfuil tionchar acu ar leasanna na SCP go fadtéarmch (lena n-áirítear straitéisí TF, airgeadais agus acmhainní daonna),

(vi) A chinntiú go mínítear ceisteanna a thrasnaíonn a chéile agus ceisteanna níos fadtéarmaí i dtaca le hacmhainní a phleanáil agus polasaithe a chur le chéile,

(vii) Buiséad a thugtar amach agus bainistíocht Vóta na SCP a cheadú,

(viii) Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht/sholáthar i gcomparáid le spriocanna feidhmíochta, torthaí agus príomhtháscairí feidhmíochta.

(ix) Athbhreithniú a dhéanamh ar bhainistíocht ar cheisteanna móra AD san eagraíocht,

(x) Cumarsáid éifeachtach a chinntiú tríd an eagraíocht, lena n-áirítear eolas a scaipeadh faoi ról agus chinntí an Bhoird Bhainistíochta (de réir mar is gá), agus teagmháil dhearfach le baill foirne na SCP a chur chun cinn,

(xi) Teagmháil agus cumarsáid le gach páirtí leasmhar a chur chun cinn,

(xii) Ceisteanna móra agus ceisteanna seachtracha ginearálta a bhaineann le feidhmeanna na SCP a phlé,

(xiii) A chinntiú go dtapaítear deiseanna chun leas a bhaint as nuálaíochtaí teicneolaíochta agus seirbhíse agus go gcuirtear i bhfeidhm iad,

(xiv) Gníomhaíochtaí tagarmharcála cuí a shocrú agus a chinntiú go gcuirtear na nithe a fhoghlaimítear ó na gníomhaíochtaí i bhfeidhm,

(xv) Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh le moltaí iniúchta inmheánaigh, le riachtanais chomhlíonta agus treoirlínte soláthair, agus

(xvi) A chinntiú go bhfuil struchtúir agus creata rialachais chorparáidigh i bhfeidhm.

### 7. Eolas do chruinnithe:

Cloíonn an Bord Bainistíochta le féilire gníomhaíochtaí pleanáilte agus téann sé i ngleic le ceisteanna de réir mar a thagann siad chun cinn. Ar bhonn pleanáilte, pléitear an t-eolas seo a leanas ag cruinnithe:

- Dul chun cinn i dtaca le caiteachas i gcomparáid leis an mbuiséad (gach mí),
- Clár um Riosca Corparáideach (gach ráithe),
- Dul chun cinn maidir le agus stádas na dtionscadal straitéiseach, de réir mar a leagtar amach sa Phlean Oibríochtaí Straitéiseach bliantúil (gach ráithe),
- Plean Gnó um Bhainistíocht Riosca (bliantúil), agus
- Ceisteanna oibríochta, acmhainní agus comhlíonta (leanúnach).

### 8. Róil ar an mBord Bainistíocht

**Cathaoirleach:** Tá na gnéithe seo a leanas i gceist maidir le ról an Chathaoirligh:

(i) A chinntiú go ndéanann an Bord Bainistíochta monatóireacht agus maoirseacht ar gach ceist a bhaineann le soláthar éifeachtach agus éifeachtúil sheirbhísí agus fheidhmeanna na SCP, faoi láthair agus go fadtéarmach,

(ii) A chinntiú go bpléann an Bord Bainistíochta gach ceist acmhainní agus/nó riosca shuntasach a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar chumas na SCP a spriocanna a bhaint amach agus go gcuirtear bearta laghdaithe cuí i bhfeidhm go pras,

(iii) An t-eolas is déanaí a thabhairt don Bhord Bainistíochta faoi theagmháil le páirtithe leasmhara seachtracha, agus

(iv) Cruinnithe a shocrú agus cathaoirleacht a dhéanamh orthu gach coicís, de réir mar is gá

Nuair nach bhfuil an Príomhfheidhmeannach i láthair, glacann ball eile den Bhord Bainistíochta ról an Chathaoirligh.

**Baill:** Is iad seo a leanas róil bhaill an Bhoird Bhainistíochta:

(i) Freastal ar agus páirt ghníomhach a ghlacadh i gcruinnithe an Bhoird Bhainistíochta go rialta;

(ii) Freagracht ar leith a ghlacadh a bhaineann lena róil aonair (.i. a bheith freagrach as a réimsí de na Pleananna Oibríochtaí Corparáideacha agus Straitéiseacha a sholáthar agus as bearta a chur i bhfeidhm, de réir mar a aontaíodh ag cruinnithe roimhe seo);

(iii) Luachanna státseirbhíse a chur chun cinn agus luachanna ar leith na SCP a léiriú ina gcuid oibre agus ina gcaidrimh idirphearsanta,

(iv) Páirt ghníomhach a ghlacadh i mbainistíocht ghinearálta na SCP, ceannaireacht agus treoir straitéiseach a thabhairt, agus cur i bhfeidhm straitéisí na SCP a chur chun cinn agus maoirseacht a dhéanamh air;

(v) Leas a bhaint as a dtaithí agus as a gcuid eolais chun ábhair atá á bplé ag an mBord Bainistíochta a cheistiú agus mionscrúdú a dhéanamh orthu;

(vi) An Bord Bainistíochta a chur ar an eolas faoi aon cheist a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar nó a d'fhéadfadh baint d'ionracas na SCP agus a gnó, a sócmhanní agus a hacmhainní eile á mbainistiú aici,

(vii) An Bord Bainistíochta a chur ar an eolas faoi aon cheist shuntasach a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar chumas meántéarmach na SCP, nó faoi rioscaí suntasacha a bhaineann le soláthar a spriocanna, mar aon sonraí faoi aon bhearta laghdaithe a mholtar nó a chuirtear i bhfeidhm.

(viii) Feidhmiú le hionracas agus rúndacht chuí a choinneáil maidir leis na nithe a phléitear.

Chun dlús a chur faoi ghnó an Bhoird Bhainistíochta, is féidir go mbunófar roinnt fo-choistí (coistí Buana agus Ad-hoc). Déanann ball den Bhord Bainistíochta a ainmníonn an POF cathaoirleacht ar na fo-choistí. Tagann baill na bhfo-choistí ón eagraíocht i gcoitinne. Ó am go ham, is féidir go mbunófar an Bord Bainistíochta Coistí Ad Hoc chun gnéithe oibre ar leith a chur chun cinn chun tacú leis ina fheidhmeanna. Tugann an POF agus an Bord Bainistíochta feidhmeanna do na Fo-Choistí de réir mar a leagtar amach ina dTéarmaí Tagartha, a aontóidh an Bord Bainistíochta.

## 9. An Fhoireann Ardbhainistíochta

Tugann an Fhoireann Ardbhainistíochta tacaíocht d'obair an Bhoird Bhainistíochta. De ghnáth, tagann an Fhoireann Bhainistíochta le chéile gach dara seachtain agus déanann ball den Fhoireann Bhainistíochta cathaoirleacht ar an gcruinniú ar bhonn sealaíochta (gach ráithe).
Is is cuspóir na Foirne seo a chinntiú go ndéantar dul chun cinn maidir le hobair na SCP ar bhealach éifeachtach agus go bpléitear aon cheist a mbíonn tionchar aici ar fheidmíocht agus ar sholáthar. Tá ról tábhachtach ag an bhFoireann Ardbhainistíochta maidir le hoibríochtaí a phleanáil agus a bhainistiú, maidir le heolas faoi cheisteanna tábhachtacha a roinnt agus maidir le dul chun cinn a dhéanamh i dtaca le polsaithe eagraíochta agus feabhsú cáilíochta/próiseas a chur i bhfeidhm.
Níl aon chóram i bhfeidhm don Fhoireann Ardbhainistíochta. Ullmhaítear miontuairiscí na gcruinnithe seo roimh ré agus scaiptear iad don chéad chruinniú eile. Déantar cinntí ag na cruinnithe seo agus tugann bainisteoirí a fhreastalaíonn orthu eolas dá mbaill foirne fúthu.

Tugann roinnt Grúpaí eile (roinnt fo-choistí de chuid an Bhoird Bhainistíochta san áireamh) tacaíocht d'obair an Bhoird Bhainistíochta agus na Foirne Ardbhainistíochta, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:-

## 10. Foireann Cheannaireachta

Tagann an Grúpa seo de Bhainisteoirí Earcaíochta agus eile de chuid na SCP le chéile gach seachtain agus is iad seo a leanas feidhmeanna an ghrúpa:

- Earcaíocht agus gníomhaíocht a bhaineann leis an earcaíocht a phleanáil agus athbhreithniú a dhéanamh uirthi, lena n-áirítear Boird Roghnaithe a chur le chéile agus a bhainistiú,

- Cinntí tábhachtacha oibríochta a dhéanamh agus a thaifeadadh maidir le gníomhaíochtaí earcaíochta, roghnaithe agus measúnaithe, lena n-áirítear cinntí a bhaineann le hiarratais aonair de réir mar is cuí,
- A chinntiú go ndéantar eolas tábhachtach ó chruinnithe an Bhoird Bhainistíochta agus ó chruinnithe Ardbhainistíochta a phlé agus go dtugtar an t-eolas cuí do bhaill foirne; agus
- A chinntiú go ndéantar aon rud tábhachtach a fhoghlaimítear ó phlé an Ghrúpa a thaifeadadh agus a roinnt le baill foirne chuí sna hAonaid Earcaíochta agus eile.

**An Grúpa um Earcaíocht d'Fheidhmeannaigh Shinsearacha (SER)**

Tagann an Grúpa SER gach seachtain agus bíonn an POF, baill den Fhoireann Bhainistíochta a bhfuil freagrachtaí Earcaíochta d'Fheidhmeannaigh Shinsearacha orthu, Ceannasaithe Aonad SER agus ceannasaithe feachtais air. Tá ról tábhachtach ag an nGrúpa maidir le maoirseacht a dhéanamh ar phróisis earcaíochta agus roghnaithe do réimse leathan post d'Fheidhmeannaigh Shinsearacha sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí agus san earnáil phoiblí i gcoitinne agus maidir leis na próisis seo a riar. Déanann an Grúpa maoirseacht ar amchláir na bpróiseas roghnaithe agus daoine cuí a aimsiú chun freastal ar phainéil roghnaithe SER agus ar Bhoird Agallaimh.

**An Grúpa Stiúrtha TF**

Is í príomhfheidhm an Ghrúpa a chinntiú go go mbaineann an tSCP leas as an infheistíocht a dhéanaimid i dteicneolaíocht faisnéise agus go mbaineann sé leas cuí as forbairtí teicneolaíochta. Is í mandáid an ghrúpa tús áite a thabhairt do, treoir a thabhairt maidir le agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm tionscadal a bhaineann leis an TF san Eagraíocht. Déanann sé athbhreithniú ar na cúiseanna taobh thiar de thionscadail TF nua bunaithe ar chásanna gnó atá iomlán fobrartha agus déanann sé moltaí don Bhord Bainistíochta. Socraíonn sé an chaoi a dtagann agus a gcuireann an tionscadal le spriocanna straitéiseacha ginearálta na SCP. Déanann an grúpa measúnú ar bhuntáistí a thagann ón infheistíocht TF ar bhonn tréimhsiúil. Tagann baill an Ghrúpa ó gach aonad san Eagraíocht agus tá ionadaithe ón Aonad TF, ó Aonad na Seirbhísí Tionscadail, ón Aonad Margaíochta, ó na hAonaid Earcaíochta agus Anailíse agus Forbartha Gnó, ó Aonad na Seirbhísí Measúnaithe, ó Aonad na dTionscadal Straitéiseach agus ón Aonad Éagsúlachta agus Cuimsithe i gceist.

**Bord Rialála NOVA**

Rinne an tSCP athbhreithniú ar a hardán earcaíochta ar líne, STAR, a bhí in úsáid ar feadh deich mbliana. De réir an athbhreithnithe seo, aithníodh go raibh teicneolaíocht STAR as dáta, beagnach as feidhm agus gur gá córas eile a chur i bhfeidhm ina ionad. Forbraíodh costais agus pleananna ardleibhéil do sholáthar an tionscadail athruithe (Tionscadal NOVA) agus tá scrúdú á dhéanamh ag an tSCP ar an tionscadal athruithe chun ardán earcaíochta ar líne nua a chur ar fáil atá oiriúnach, a sheasfaidh an aimsir agus a fhreastalaíonn ar na héilimh a bhaineann le leibhéil ghníomhaíochta earcaíochta níos airde, ar riachtanais ghnó atá á bhforbairt agus ar fhorbairtí i réimse na teicneolaíochta.

Tá Bord Rialachais NOVA freagrach go ginearálta as Clár Thionscadal NOVA a sholáthar. Is í príomhfheidhm an Bhoird maoirseacht a dhéanamh ar agus treoir straitéiseach a thabhairt maidir leis an gclár a sholáthar chun a chinntiú go dtagann an tionscadal le Straitéis ghinearálta na SCP. Comhoibriú chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt d'Fhoireann an Chláir agus d'ardbhainistíocht na SCP agus chun iad a cheistiú. Tá ról tábhachtach ag an mBord maidir le Tionscadal NOVA a chur chun cinn dár bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. Tá ionadaithe ón mBord Bainistíochta agus ó fheidhmeanna inmheánacha na SCP ar Bhord Rialála Nova agus usáidfidh an Bord saineolaithe seachtracha, lena n-áirítear saineolaithe TF agus earcaíochta, de réir mar is gá.

### 11. An Grúpa Bainistíochta Riosca, An Grúpa um Acmhainní a fháil agus an Grúpa Airgeadais

Tá sonraí faoin nGrúpa Bainistíochta Riosca ar fáil i gCaibidil 4 (leathanach 38) den Chreat Rialachais seo. Is foghrúpa den Bhord Bainistíochta é an Grúpa. Is foghrúpaí den Bhord Bainistíochta iad an Grúpa um Acmhainní a fháil agus an Grúpa Airgeadais chomh maith. Tagann an Grúpa um Acmhainní a fháil le chéile gach 4-6 seachtaine agus clúdaíonn sé gach ceist a bhaineann le baill foirne a fháil. Tagann an Grúpa Airgeadais le chéile gach ráithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar chaiteachas agus chun pleanáil dó. Déanann sé moltaí maidir le buiséad a thabhairt do thionscadail agus go ghnáthghnó agus tugann sé tús áite do réimsí caiteachais de réir tosaíochtaí straitéiseacha. Cuirtear gach moladh ón ngrúpa seo ar aghaidh chuig an Bord Bainistíochta ionas gur féidir leo é a phlé agus cinneadh a dhéanamh.

### 12. Feidhmíocht agus Measúnú

Déanfar athbhreithniú gach bliain chun feidhmíocht an Bhoird Bhainistíochta maidir le réimsí freagrachta ceannaireachta, maoirseachta agus rialachais a mheas. Beidh measúnú ar oiriúnacht na dTéarmaí Tagartha seo san áireamh san athbhreithniú seo.

### 13. Tacaíocht don Bhord Bainistíochta

Feidhmeoidh ball foirne den tSCP mar Rúnaí don Bhord Bainistíochta agus cabhróidh siad le Ceannasaí na Seirbhísí Corporáideacha maidir lena chinntiú go dtugtar tacaíocht chuí don Bhord Bainistíochta, go gcoinnítear taifid chuí, go ndéantar bearta riachtanacha a rianú agus go gcuirtear cinntí i bhfeidhm.

# 4. Socruithe Iniúchta, Dearbhaithe agus Comhlíonta sa tSCP

**Prionsabal Rialachais na SCP:**

**4**

*Is éard atá i gceist le dea-rialachas sa tSCP ná rioscaí agus feidhmíocht a bhainistiú trí chórais rialaithe inmheánacha láidre agus trí chleachtais éifeachtacha bhainistíochta feidhmíochta.*

**Príomhghnéithe**

De réir an Chaighdeáin Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís, ní mór go léireofar na príomhghnéithe seo a leanas sa tSCP.

**Creat Rialachais:**

A Socruithe Iniúchta agus Dearbhaithe; agus

B Creat Comhlíonta

## Príomhghné A: Socruithe Iniúchta agus Dearbhaithe

Tá socruithe iniúchta agus eile i bhfeidhm sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a thugann dearbhú, le chéile, go bhfuil a hacmhainní á mbainistiú i gceart ag an eagraíocht agus go bhfuil measúnú agus bainistíocht chuí á déanamh aici ar rioscaí.

Léirítear an Creat Dearbhaithe i bhfoirm léaráide i bhFigiúr 2 níos déanaí sa Chaibidil seo. Déantar mionphlé ar gach príomhghné de Chreat Dearbhaithe na SCP sna codanna seo a leanas.

### Oifigeach Cuntasaíochta – Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais

Déantar cur síos ar ról an Phríomhfheidhmeannaigh mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta na SCP i gCaibidil 2 sa Chreat Rialachais seo. Mar chuid de dhualgais an Oifigigh Chuntasaíochta[20], déantar Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste gach bliain mar chuid den ullmhúchán don Chuntas Leithreasa bliantúil.[21] Is tríd an Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach a chuireann an tOifigeach

[20] De réir nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí

[21] Is éard atá i gceist leis an gCuntas Leithreasa ná Ráitis Airgeadais bhliantúla don tSCP agus léiríonn sé an chaoi ar caitheadh an Vóta don bhliain.

Cuntasaíochta a c(h)ur chuige i leith agus a f(h)reagracht maidir le bainistíocht riosca, rialú inmheánach agus rialachas corparáideach in iúl. Is tríd an Ráiteas a chuirtear béim ar laigí, má tá siad ann, sa chóras rialaithe inmheánach san eagraíocht.
Is é seo a leanas an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach a rinne Oifigeach Cuntasaíochta na SCP sa Réamhrá don Chuntas Leithreasa don bhliain 2020: [Vote 17 - Public Appointments Service (audit.gov.ie)]

## Socruithe dearbhaithe – an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

Cosúil le gach comhlacht Státseirbhíse eile, cuireann comhlacht Státseirbhíse eile seirbhísí párolla ar fáil don tSCP – an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC), atá mar chuid den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi láthair (agus a bheidh mar fhoras reachtúil neamhspleách amach anseo). Toisc gur cuid shuntasach de chaiteachas na SCP an caiteachas párolla, tá sé tábhachtach go bhfuil socruithe dearbhaithe cuí i bhfeidhm idir an ONSC agus an tSCP maidir le párolla na SCP a mhíniú. Pléitear an cheist seo go sonrach sa Ráiteas um Rialú Airgeadais Inmheánach faoi "Freagracht maidir le córas rialaithe airgeadais inmheánaigh".

## Ról an Choiste Iniúchta agus socruithe tuairiscithe leis an bPríomhfheidhmeannach

Mar atá soiléir sa Ráiteas um Rialú Airgeadais Inmheánach, tá Coiste Iniúchta i bhfeidhm san tSCP a oibríonn de réir threoirlínte foilsithe na Státseirbhíse[22]. Tá ról neamhspleách ag an gCoiste Iniúchta maidir le dearbhú a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach. Tá na dualgais seo a leanas i gceist: scrúdú a dhéanamh ar shásúlacht agus ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánacha, agus na timpeallachta rialaithe agus na nósanna imeachta rialaithe laistigh den tSCP. Ina theannta sin, déanann an Coiste maoirseacht ar fheidhm an Iniúchta Inmheánaigh sa tSCP agus tugann sé comhairle agus treoir ghairmiúil don Phríomhfheidhmeannach maidir le feidhm an Iniúchta Inmheánaigh a fhorbairt.[23]. Tugann an Coiste Iniúchta comhairle agus treoir maidir leis na córais bhainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh sa tSCP chomh maith. Feidhmíonn Coiste Iniúchta na SCP faoi chairt scríofa agus tá ionadaithe seachtracha air a bhfuil saineolas cuí acu. Ní oibríonn Cathaoirleach an Choiste Iniúchta sa tSCP. Ní oibríonn aon bhall den Choiste Iniúchta sa tSCP, agus tá duine amháin acu ina b(h)all de Bhord na SCP.

[22] Treoirlínte don Choiste Iniúchta – 2014 – ar fáil ar http://www.per.gov.ie/en/minister-howlin-announces-publication-of-audit-committee-guidance/
[23] Cuirtear feidhm Iniúchta Inmheánaigh na SCP amach ar chonradh do chomhlacht seirbhísí gairmiúla faoi chreat soláthair ar a ndéanann an Oifig um Sholáthar Rialtais bainistíocht. [28]Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí.

Ullmhaíonn an Coiste Iniúchta tuarascáil bhliantúil bhliantúil don Oifigeach Cuntasaíochta, ina ndéanann sé athbhreithniú ar a oibríochtaí, agus ina gcuireann sé cuireadh don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste bualadh leis uair amháin sa bhliain, ar a laghad, mar iniúchóir seachtrach don tSCP.[28] Buaileann Cathaoirleach an Choiste Iniúchta le Bord na SCP dhá uair sa bhliain chun eolas a thabhairt do bhaill madir leis an gclár iniúchta inmheánaigh agus ar an réimse rialaithe ginearálta sa tSCP.

### Feidhm an Iniúchta Inmheánaigh sa tSCP

Cuirtear formhór na hoibre athbhreithnithe a dhéanann feidhm an Iniúchta Inmheánaigh amach ar chonradh le comhlacht seirbhísí gairmiúla. De réir mar a luaitear sa Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach faoin teideal "Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta", feidhmíonn an fheidhm seo de réir phlean iniúchta 3 bliana dona dtugann an Príomhfheidhmeannach faomhadh agus faoi mhaoirseacht Choiste Iniúchta na SCP.

Cuirtear gach dréacht de thuairiscí iniúchta ar aghaidh chuig Bord Bainistíochta na SCP ionas gur féidir leis an lucht bainistíochta freagraí a ullmhú. Nuair a chuirtear i gcrích iad, déantann Coiste Iniúchta na SCP rianú agus monatóireacht ar aon bhearta a thagann chun cinn iontu trí thuairiscí rialta ó lucht bainistíochta na SCP chuig Coiste Iniúchta na SCP.

Tá Ceannasaí na Seirbhísí Corparáideacha agus Rialachais sa tSCP ina b(h)all den "Fhóram do Cheannasaithe an Iniúchta Inmheanaigh" de chuid na Státseirbhíse chomh maith, a chuireann fóram ar fáil chun ple a dhéanamh ar cheisteanna beartais agus oibríochta a bhaineann le hiniúchadh inmheánach i gcomhlachtaí státseirbhíse mar aon le dea-chleachtas agus forbairtí nua a scaipeadh laistigh de réimse an iniúchta inmheánaigh.

### Ról Aonad Airgeadais na SCP

Tá Aonad Airgeadais na SCP faoi bhainistíocht cuntasóra ghairmiúil (a fheidhmíonn chomh maith mar Bhainisteoir Airgeadais in dhá chomhlacht phoibí eile). Tá an tAonad freagrach as tacaíocht a thabhairt don phróiseas buiséid bliantúil, as monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas i gcomparáid leis an mbuiséad, as teagmháil leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le vóta a bhainistiú agus cuntasaíocht, as creidiúnaithe agus féichiúnaithe a riar agus as an gCuntas Leithreasa a ullmhú ionas gur féidir leis an bPríomhfheidhmeannach/an Oifigeach Cuntasaíochta é a cheadú. Tá an tAonad freagrach chomh maith as na nósanna rialaithe airgeadais faofa a chur i bhfeidhm sa tSCP. Feidhmíonn an tAonad Airgeadais mar Aonad Soláthair na Scp chomh maith agus cinntíonn sé go gcloíonn an tSCP le riachtanais agus treoir Soláthair Phoiblí chuí agus a thugann dearbhú don Oifigeach Cuntasaíochta maidir leis seo.

### Bainistíocht Riosca

De réir mar a luaitear sa Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach faoin teideal "Rialú riaracháin agus tuairisciú bainistíochta", tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm sa tSCP. San áireamh, tá Creat Bainistíochta Riosca agus Beartas Bainistíochta Riosca atá oiriúnach do mhéid agus scála na

heagraíochta agus atá de réir Threoir chuí na Státseirbhíse maidir le Bainistíocht Riosca.[24] Tá cur chuige comhtháite agus iomlánaíoch i leith na bainistíochta riosca ina phríomhghné maidir le rialachas corparáideach éifeachtach a bhaint amach. Tugann an tSCP aird ar a dualgais bhainistíochta agus tá próisis i bhfeidhm inti chun dul i ngleic le rioscaí suntasacha gnó, straitéise, oibríochta, airgeadais, comhlíonta agus eile a chuireann isteach ar spriocanna straitéise agus oibríochta na heagraíochta a bhaint amach.

Pléitear an Bhainistíocht Riosca mar ábhar buan ar chlár gach cruinnithe de chuid Bhord Bainistíochta na SCP. Déanann Grúpa Bainistíochta Riosca maoirseacht ar chur i bhfeidhm agus ar mhonatóireacht an phróisis seo. Tuairiscíonn an Grúpa (tríd an gCathaoirleach) don Bhord Bainistíochta i ndiaidh gach cruinnithe den Ghrúpa Bainistíochta Riosca agus is foghrúpa ainmnithe den Bhord Bainistíochta é. Tuairiscíonn an Cathaoirleach go díreach don Oifigeach Corparáideach i ndiaidh gach cruinnithe bainistíochta riosca. Tuairiscíonn an Grúpa don Choiste Iniúchta Inmheánaigh ag gach cruiinniú. Tugann an Príomhfheidhmeannach an t-eolas is déanaí maidir leis an príomhrioscaí atá roimh an eagraíocht do Bhord na SCP ag gach cruinniú den Bhord.

**Soláthar Poiblí**

Féach faoin teideal “Ról Aonad Airgeadais na SCP”, thuas.

## Príomhghné B: Creat Comhlíonta

### Cuspóir an Chreata Comhlíonta

D’fhorbair an tSCP Creat Comhlíonta a théann leis an gCreat Rialachais, agus de réir mar a mholtar sa Chaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís. Tá ról fíorthábhachtach ag an gCreat Comhlíonta maidir le feidhmiú mar bhonn faoi agus maidir le fianaise a chur ar fáil maidir leis na dea-phrionsabail rialachais a leagtar amach sa Chreat Rialachais a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Tugann Creat Rialachais na SCP achoimre ar gach gníomhaíochta dearbhaithe comhlíonta san eagraíochta agus aithníonn sé na daoine sa tSCP atá freagrach as gach gníomhaíocht. Díríonn Creat Comhlíonta na SCP ar agus tugann sé tuilleadh sonraí faoi fhothacar na gcaighdeán rialachais ina bhfuil comhlíonadh ag teastáil de réir reachta, de réir chinntí an Rialtais, nó de bharr gealltanas suntasach riaracháin nó seachtrach. Bheadh comhlíonadh le riachtanais níos leithne, m.sh. riachtanais Ghaeilge agus riachtanais Chothromaíochta agus Éagsúlachta a bhaineann le Comhlachtaí Stáit cosúil leis an tSCP.

Is gné thábhachtach den bhainistíocht riosca sa tSCP é Creat Comhlíonta na SCP. Tugann sé cabhair maidir lena chinntiú go bhfuil na córais agus na nósanna imeachta cuí i bhfeidhm sa tSCP chun a ndualgais chomhlíonta a chomhlionadh agus cuirfear an Treoir maidir le Bainistíocht Riosca, a luadh cheana, san áireamh. Ina theannta sin, deimhníonn an Creat Comhlíonta na baill foirne sa tSCP a aithneoidh agus a rachaidh i ngleic le aon cheist a d’fhéadfadh drochthionchar a bheith aici ar na

[24] Treoir maidir le Bainistíocht Riosca do Ranna agus d’Oifigí Rialtais 2016: http://govacc.per.gov.ie/risk-management/

córais nó na nósanna imeachta sin. Is féidir aon rioscaí a aithnítear a chur ar an gClár Riosca cuí, iad a mheas maidir le dóchúlacht agus tionchar, agus na bearta rialaithe agus laghdaithe cuí a chur i bhfeidhm. Tá na Ráitis Chomhlíonta ar fáil in Aguisín 1.

### Riachtanais rialála a bhaineann leis an tSCP

De réir mar a luadh níos luaithe sa cháipéis, tá an tSCP faoi réir ag maoirseacht rialála leanúnacha ón gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP), maidir le príomhghníomhaíochtaí earcaíochta agus roghnaithe na SCP. De bharr riachtanas an CCSP, mar rialálaí na hearcaíochta seirbhíse poiblí, tá dualgais shuntasacha rialachais agus feidhmíochta ar an tSCP. Is iad seo a leanas na dualgais atá i gceist:

- Tugann an CCSP "ceadúnas earcaíochta" don tSCP faoi chuid 43(1)(a) de Acht,
- Toisc go bhfuil an ceadúnas seo ag an tSCP, n mór di, de réir chuid 43(3)(b), cloí leis na Cóid Chleachtais[25] a eisíonn an CCSP faoi chuid .23(1). Leagann na Cóid fhoilsithe na prionsabail agus na cleachtais atá mar bhonn faoi reáchtáil chuí na bpróiseas earcaíochta ceadúnaithe (is iad ionracas, fiúntas, cothromas agus cothromaíocht príomhphrionsabail na gcód) amach,
- Tá an tSCP faoi réir ag maoirseacht leanúnach ón gCCSP maidir leis an gcaoi a gcloíonn an tSCP leis na Cóid agus na riachtanais chuí eile, agus
- Maidir le maoirseacht, tá na nithe seo a leanas: a bheth faoi réir ag athbhreithniú/iniúchadh a dhéanann an CCSP má tá amhras ann maidir le sárú ar na Cóid. Má shocraítear go bhfuil sárú tromchúiseach déanta ag an tSCP ar a dualgais, tá seans ann go gcealófar a ceadúnas.

Tá na prionsabail éagsúla atá mar bhonn faoi na Cóid Chleachtais leagtha amach i gcuid 23(2)(a) den Acht, lena n-áirítear an riachtanas a chinntiú go gcloíonn sealbhóirí ceadúnais, cosúil leis an tSCP, le "dea-chleachtais agus dea-rialachais a chur i bhfeidhm".
Cruthaíonn na Cóid Chleachtais dualgais shoiléire rialachais agus feidhmíochta don tSCP maidir le gach gné den phróiseas earcaíochta, ó ról a shainmhíniú go dtí ceapachán a dhéanamh. Cruthaíonn siad timpeallacht rialála ina gcaithfidh an tSCP feidhmiú ar bhealach trédhearcach agus freagrach, lena n-áirítear an riachtanas go gcuireann an tSCP modhanna athbhreithnithe agus achomhairc soiléire agus chomhlíontacaha i bhfeidhm d'iarrthóirí.

### Forbairt Chreat Comhlíonta na SCP

Chun Creat Comhlíonta na SCP a thaifeadadh, aitníodh na príomhriachtanais chomhlíonta a thagann chun cinn don tSCP agus cuireadh iad i gcatagóirí faoi na teidil thíos.

| | |
|---|---|
| A | **Dualgas comhlíonta a bhaineann le riachtanas reachtúil** – mar shampla, an tAcht um Nochtaí Cosanta 2014, an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014, nó an tAcht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 (lena n-áirítear riachtanais an CCSP). |
| B | **Dualgas comhlíonta a bhaineann le Cinneadh Rialtais** – Mar shampla; na Treoirlínte maidir le Ceapacháin ar Bhoird Stáit, mí na Samhna 2014. |

[25] Tá Cóid ar fáil anseo: http://www.cpsa.ie/en/Publications/Codes-of-Practice/

| | |
|---|---|
| C | **Dualgas comhlíonta a bhaineann le Tionscamh Riaracháin nó Beartais suntasach** – Mar shampla, Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí nó Treoirlínte maidir le Bainistíocht Riosca. |

Maidir le gach dualgas a aithníodh, forbraíodh 'Tuairisc mhionsonaithe maidir le Stádas Comhlíonta' ina ndéantar cur síos ar na córas agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun riachtanais chomhlíonta ar leith a chomhlíonadh. Aithníonn gach Tuairisc maidir le Stádas Comhlíonta an duine ar leith sa tSCP atá freagrach as an gcóras/bpróiseas ar leith agus as dearbhú a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach agus don Bhord Bainistíochta gur comhlíonadh gach dualgas cuí.